GA 2024

15

Tuarascáil speisialta

# Oiriúnú don athrú aeráide san Aontas Eorpach

## Gníomhaíocht nach bhfuil ag coinneáil suas leis an uaillmhian

CURIA RATIONUM

CÚIRT INIÚCHÓIRÍ NA hEORPA

# Clár


**Alt**

## Achoimre feidhmiúcháin — I-VIII

## Réamhrá — 01-11

### Oiriúnú don athrú aeráide agus an fáth a bhfuil sé tábhachtach — 01-06

### An creat maidir le hoiriúnú don athrú aeráide — 07-09

### Róil agus freagrachtaí an Aontais agus na mBallstát — 10-11

## Scóip agus cur chuige na hiniúchóireachta — 12-15

## Barúlacha — 16-76

### Tá creat oiriúnúcháin fónta ag an Aontas, ach tá tuairisciú neamhéifeachtach agus feasacht áitiúil íseal — 16-43

Creat fónta de chuid an Aontais maidir le hoiriúnú don athrú aeráide — 16-20

Creataí náisiúnta oiriúnaithe atá comhsheasmhach go ginearálta le straitéis an Aontais — 21-30

Tuairisciú neamhéifeachtach agus neamhleor ar ghníomhaíochtaí maidir le hoiriúnú don athrú aeráide san Aontas — 31-35

Feasacht íseal áitiúil ar uirlisí, straitéisí agus pleananna an Aontais maidir le hoiriúnú don athrú aeráide — 36-43

### Maoiniú ón Aontas don oiriúnú don athrú aeráide – Tionscadail ábhartha ar deacair iad a rianú agus a thugann tús áite do réitigh ghearrthéarmacha seachas fhadtéarmacha — 44-76

Dúshláin maidir le cistiú an Aontais um an oiriúnú don athrú aeráide a rianú — 44-52

Tionscadail ‘um an oiriúnú don athrú aeráide’ arna maoiniú ag an Aontas – tosaíocht do réitigh ghearrthéarmacha seachas réitigh fhadtéarmacha — 53-76

## Conclúidí agus moltaí — 77-83

## Iarscríbhinn

### Suirbhé ar oiriúnú don athrú aeráide

## Giorrúcháin

## Gluais

## Freagraí ón gCoimisiún

## Amlíne

## An fhoireann iniúchóireachta

# Achoimre feidhmiúcháin

**I** Tá méadú ag teacht ar mhinicíocht agus ar dhéine na dteagmhas millteanach aeráide agus aimsire, amhail tonnta teasa, triomach agus tuilte. Tá géarghá le hoiriúnú do na dálaí aeráide sin. Cé go laghdaítear astaíochtaí gás ceaptha teasa le gníomhaíochtaí maolaithe, is é is aidhm do ghníomhaíochtaí oiriúnaithe ná dul in oiriúint don athrú aeráide chun a thionchair a laghdú. Ní féidir le gníomhaíochtaí maolaithe amháin éifeachtaí an athraithe aeráide a chosc, fiú má laghdaítear astaíochtaí gás ceaptha teasa go rathúil.

**II** D'fhoilsigh an tAontas a chéad straitéis oiriúnaithe in 2013 agus ceann eile in 2021, lena ndeimhnítear ardleochaileacht an Aontais i leith an athraithe aeráide. Le 10 mbliana anuas, is é €26 bhilliún in aghaidh na bliana a bhí sna meánchaillteanais eacnamaíocha san Aontas ó theagmhais mhillteanacha a bhaineann leis an aeráid. Leagtar síos mar chuspóir sa straitéis go mbeidh an tAontas athléimneach ó thaobh na haeráide de faoi 2050. Tá an cuspóir sin cumhdaithe freisin i nDlí Aeráide Eorpach 2021. I bhfianaise chineál trasearnálach na ngníomhaíochtaí a bhaineann le hoiriúnú don athrú aeráide, is deacair meastachán a dhéanamh ar chistiú ábhartha an Aontais. Mar sin féin, rinneadh €8 mbilliún ar a laghad in 2014-2020 agus €26 bhilliún in 2021-2027 a bhuiséadú le haghaidh oiriúnú don athrú aeráide.

**III** Ba é cuspóir an iniúchta seo ná measúnú a dhéanamh ar chreat agus cistiú an Aontais maidir le hoiriúnú don athrú aeráide agus ar an gcaoi a dtugann siad aghaidh ar thionchair an athraithe aeráide san Aontas. Scrúdaíomar ar chuir straitéisí agus pleananna Eorpacha agus náisiúnta creat fónta ar fáil don oiriúnú don athrú aeráide, agus ar chlúdaigh siad socruithe tuairiscithe agus feasacht ar straitéisí, pleananna agus uirlisí an Aontais ar an leibhéal áitiúil. Rinneamar anailís freisin chun féachaint ar rannchuidigh sampla de thionscadail oiriúnaithe de chuid an Aontais ó thréimhse 2014-2020 go héifeachtach le hoiriúnú don athrú aeráide. Ní raibh gníomhaíochtaí an Aontais ná tacaíocht don oiriúnú don athrú aeráide lasmuigh den Aontas san áireamh i scóip na hiniúchóireachta.

**IV** Chinneamar an t-iniúchadh seo a dhéanamh i bhfianaise ardtosaíocht an ábhair agus a ábharthachta atá sé. Táimid ag dréim leis go gcuirfidh ár bhfionnachtana agus ár moltaí ionchur úsáideach ar fáil chun feabhas a chur ar an gcreat ginearálta maidir le hoiriúnú chun aghaidh níos fearr a thabhairt ar thionchair an athraithe aeráide. Táimid ag dréim leis freisin go gcuideoidh ár gcuid oibre leis an Aontas a chistiú a dhíriú ar ghníomhaíochtaí atá saincheaptha do dhálaí aeráide atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo agus go gcuideoidh siad freisin le réitigh fhadtéarmacha maidir le hoiriúnú don athrú aeráide a chur chun cinn.

**V** Fuaireamar amach go raibh creat foriomlán an Aontais don bheartas oiriúnúcháin fónta. Fuaireamar, áfach, gur bhain na Ballstáit úsáid uaireanta as sonraí eolaíocha a bhí as dáta dá ndoiciméid don straitéis náisiúnta um an oiriúnú. Ar an iomlán, bhí na creataí náisiúnta um an oiriúnú a ndearnadh iniúchadh orthu comhsheasmhach le straitéis an Aontais um an oiriúnú, cé gur shainaithníomar tosaíochtaí a bhí ag teacht salach ar a chéile ar an leibhéal earnálach agus réigiúnach. Bhain siad sin le riachtanais contrártha maidir le huisciú méadaithe agus tomhaltas laghdaithe uisce.

**VI** Fuaireamar freisin nach raibh tuairisciú na mBallstát ar oiriúnú don athrú aeráide leordhóthanach agus nach raibh mórán de bhreisluach ag baint leis ó thaobh dul chun cinn a rianú agus tacú le cinntí beartais amach anseo. Rinneamar suirbhé ar 400 bardas agus fuaireamar nach raibh siad ar an eolas den chuid is mó faoi straitéisí agus pleananna um an oiriúnú don athrú aeráide agus nach raibh uirlisí oiriúnúcháin an Aontais á n-úsáid acu (Climate-ADAPT, Copernicus agus Cúnant na Méaraí de chuid an Aontais).

**VII** Ós rud é go bhfuil an t-oiriúnú trasearnálach, tá an cistiú ábhartha ón Aontas scaipthe ar fud roinnt beartas eile de chuid an Aontais, amhail talmhaíocht, comhtháthú agus taighde. Cé gur thug os cionn leath de na 36 thionscadal inár sampla (19) aghaidh go héifeachtach ar rioscaí aeráide, fuaireamar gur beag tionchar nó nach raibh aon tionchar ag 13 cinn acu ar acmhainneacht oiriúnaitheachta a mhéadú, agus go bhfuil baol ann go bhféadfadh drochoiriúnú a bheith mar thoradh dhá cheann acu. Ar shamplaí de dhrochoiriúnú, tá: uisciú i limistéir níos mó a chur chun cinn seachas aistriú chuig barra nach dteastaíonn an oiread céanna uisce uathu; cladáin a thógáil in ionad cónaitheoirí i limistéir chósta atá i mbaol tuilte nó creimthe a athlonnú; agus infheistíocht a dhéanamh i gcanónacha sneachta saorga in ionad díriú ar thurasóireacht ar feadh na bliana. Mar gheall ar na laigí sin, tá baol ann nach gcoinneodh beartas agus gníomhaíocht oiriúnúcháin an Aontais bord ar bhord leis an athrú aeráide.

**VIII** Bunaithe ar ár bhfionnachtana, molaimid gur cheart don Choimisiún:

(1) feabhas a chur ar thuairisciú ar oiriúnú don athrú aeráide trí tháscairí coiteanna a thabhairt isteach chun dul chun cinn a thomhas agus trí obair leantach a dhéanamh ar na laigí atá sainaitheanta;

(2) uirlisí an Aontais maidir le hoiriúnú don athrú aeráide a fhorbairt agus a chur chun cinn ar bhealach níos fearr chun a n-úsáid a mhéadú, agus comhroinnt eolais a chur chun cinn;

(3) a áirithiú go ndéanfar gach tionscadal ábhartha a fhaigheann cistiú ón Aontas a chur in oiriúint do na dálaí aeráide atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo, agus cur chun cinn níos fearr a dhéanamh ar réitigh fhadtéarmacha maidir le hoiriúnú don athrú aeráide.

# Réamhrá

## Oiriúnú don athrú aeráide agus an fáth a bhfuil sé tábhachtach

**01** Tá sé mar aidhm ag Comhaontú Pháras an téamh domhanda a theorannú go 1.5°C i gcomparáid leis na leibhéil réamhthionsclaíocha (1850-1900). Mar sin féin, de réir na tuarascála is déanaí ón bPainéal Idir-Rialtasach ar an Athrú Aeráide (IPCC), tá seans 50 % ann go mbainfear amach an tairseach 1.5°C faoi 2030-2035[1]. Léiríonn sonraí le déanaí don Eoraip go raibh an mheánteocht le haghaidh 2018-2022 thart ar 2.2°C níos airde ná na leibhéil réamhthionsclaíocha. Ba é 2023 an bhliain ba theo go dtí seo, leis an teocht dhomhanda ag méadú go dtí leibhéal atá gar do 1.5°C[2].

**02** Is éard atá i ngníomhaíochtaí maolúcháin ná gníomhaíochtaí chun astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú. Ní féidir leis na gníomhaíochtaí sin leo féin cosc a chur ar éifeachtaí an athraithe aeráide atá ag tarlú cheana féin, fiú má tá iarrachtaí domhanda chun astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú éifeachtach. Faoi láthair, táirgeann an tAontas níos lú ná 7 % d'astaíochtaí gás ceaptha teasa an domhain[3]. Tá iarrachtaí oiriúnúcháin ag éirí i bhfad níos riachtanaí agus tá oiriúnú don athrú aeráide bunriachtanach mar chomhlánú ar an maolú ar an athrú aeráide (***Fíor 1***).


---

1 An t-athrú aeráide 2023 – Tuarascáil sintéise – Achoimre do lucht ceaptha beartas.

2 Seirbhís Copernicus um an Athrú Aeráide, Buaicphointí Aeráide Domhanda 2023.

3 Statista – Dáileadh astaíochtaí gás ceaptha teasa ar fud an domhain in 2022.

**Fíor 1 – Comhlántacht idir maolú agus oiriúnú**




*Foinse:* CIE.

**03** Cuirtear i láthair i ***mBosca 1*** an t-oiriúnú don athrú aeráide agus coincheapa gaolmhara eile. Leagadh béim i dtuarascáil 2023 ón bPainéal Idir-Rialtasach ar an Athrú Aeráide[4] ar bhearnaí oiriúnúcháin domhanda, ar bearnaí iad sin a leanfaidh de bheith ag fás. Léiríodh ann freisin nach leor na sreabha airgeadais domhanda atá ann faoi láthair don oiriúnú, agus go bhfuil drochoiriúnú ag tarlú.

---

4 Achoimre ar an séú tuarascáil mheasúnaithe ó IPCC (AR6) – An tAthrú Aeráide, Márta 2023.

## Bosca 1



**Oiriúnú don athrú aeráide**

Is éard is oiriúnú don athrú aeráide ann ná an próiseas chun oiriúnú don athrú aeráide iarbhír nó ionchasach agus do na héifeachtaí a ghabhann leis sin. Ní freagairt éigeandála aonuaire í, ach sraith de bhearta coisc, cosanta agus ullmhachta chun aghaidh a thabhairt ar ghuaiseacha (e.g. triomach, ardú ar leibhéal na farraige), neamhchosaint (e.g. níos lú uisce), agus leochaileacht (e.g. bochtaineacht nó easpa oideachais). Is éard is beartas oiriúnúcháin ann ná beartas chun tionchair an athraithe aeráide a réamh-mheas, agus bearta chun aghaidh a thabhairt orthu. Áirítear leis freisin leas a bhaint as deiseanna a d'fhéadfadh teacht chun cinn mar gheall ar an athrú aeráide (e.g. barra nua, táirgeacht níos airde).

**Drochoiriúnú**

Oiriúnú a mhéadaíonn leochaileacht nó neamhchosaint don athrú aeráide seachas é a laghdú.

**Athléimneacht aeráide**

Téann sé seo níos faide ná oiriúnú don athrú aeráide, agus clúdaíonn sé an cumas ullmhú do thionchar an athraithe aeráide, téarnamh uaidh agus oiriúnú dó.

*Foinse:* IPCC, An Ghníomhaireacht Eorpach Comhshaoil (EEA), Creat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide, Gluais.

**04** De réir EEA[5], is iad tonnta teasa, triomaigh, tuilte agus frasaíocht throm na trí theagmhas mhillteanacha aimsire is minice a thuairiscítear. Thuairiscigh formhór na mBallstát cósta go raibh creimeadh cósta ag tarlú agus ardú ag teacht ar leibhéil na farraige[6]. Luann EEA na príomhrioscaí seo a leanas: an tsláinte, an timpeallacht thógtha (i.e. cathracha, bóithre, droichid), fuinneamh, réigiúin mhuirí agus chósta, talmhaíocht, foraoiseacht, bainistiú uisce agus bithéagsúlacht[7].

---

[5] An bhfuil an Eoraip ar an mbóthar ceart ionsar athléimneacht aeráide? – Stádas na ngníomhaíochtaí oiriúnúcháin náisiúnta a tuairiscíodh in 2023.

[6] Doiciméad inmheánach oibre de chuid an Choimisiúin (2023) 932 – Measúnú ar dhul chun cinn maidir le hoiriúnú don athrú aeráide sna Ballstáit aonair de réir an Dlí Aeráide Eorpaigh.

[7] EEA, Measúnú riosca aeráide an Aontais, 2024.

**05** Tá méadú ag teacht ar mhinicíocht agus ar dhéine na dteagmhas millteanach aeráide agus aimsire[8]. As sin tháinig méadú mór ar líon na dtubaistí san Aontas le 20 bliain anuas agus ar leibhéal an damáiste a rinneadh. I measc na samplaí a bhí ann le déanaí tá falscaithe nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe seo (e.g. an Ghréig agus an Spáinn, 2023), tuilte (e.g. an Iodáil agus an tSlóivéin, 2023; an Fhrainc, 2024), tonnta teasa agus triomaigh mhillteacha (e.g. ar fud an Aontais, 2022; An Spáinn, 2024).

**06** Bhí caillteanais eacnamaíocha, mar thoradh ar theagmhais mhillteanacha a bhaineann leis an aeráid san Aontas, ag seasamh ar an meán d'os cionn €26 bhilliún in aghaidh na bliana le 10 mbliana anuas[9]. Dá mbeadh téamh domhanda idir 1.5 agus 3°C os cionn na leibhéal réamhthionsclaíoch ann – meastachán coimeádach – bheadh caillteanas eacnamaíoch bliantúil idir €42 bhilliún agus €175 bhilliún i gceist do gheilleagar reatha an Aontais[10].

[8] An Painéal Idir-Rialtasach ar an Athrú Aeráide – Teagmhais mhillteanacha aeráide agus aimsire in aeráid atá ag athrú, 2021.

[9] Eurostat – Caillteanais eacnamaíochta a bhaineann leis an Aeráid.

[10] Tionscadal PESETA IV ó JRC – Tasc 14 – Anailís eacnamaíoch ar thionchar roghnaithe ar an aeráid, 2020.

## An creat maidir le hoiriúnú don athrú aeráide

**07** I *bhFíor 2*, tugtar achoimre ar na creataí idirnáisiúnta agus ar chreataí an Aontais maidir le hoiriúnú don athrú aeráide.

### Fíor 2 – Creataí idirnáisiúnta agus creataí de chuid an Aontais maidir le hoiriúnú don athrú aeráide – príomhghnéithe



**Idirnáisiúnta**

**Comhaontú Pháras**

- **Sprioc dhomhanda** maidir le hoiriúnú
- Pleanáil do agus faireachán ar an oiriúnú
- **Comhar** le tíortha i mbéal forbartha

**Sprioc Forbartha Inbhuanaithe 13 – Gníomhú ar son na hAeráide:** Gníomhú go práinneach chun dul i ngleic leis an athrú aeráide agus leis an tionchar atá aige

- Sprioc 13.1: **Athléimneacht agus acmhainneacht oiriúnaitheachta** do ghuaiseacha a bhaineann leis an aeráid agus do thubaistí nádúrtha a neartú i ngach tír

**An tAontas Eorpach**

**Dlí Aeráide Eorpach**

- **Acmhainneacht oiriúnaitheachta** a fheabhsú, athléimneacht a neartú, leochaileacht i leith an athraithe aeráide a laghdú
- **Beartais chomhleanúnacha** maidir le hoiriúnú

**Rialachán maidir le Rialachas an Aontais Fuinnimh agus na Gníomhaíochta Aeráide**

- **Tuairisciú** ar an oiriúnú don athrú aeráide (Airteagail 17 agus 19)

**Straitéis AE um an Oiriúnú agus doiciméid measúnaithe riosca AE um an aeráid**

- Eoraip atá aeráid-díonach faoi 2050


* Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le rioscaí aeráide a bhainistiú agus Measúnú riosca EEA ar an aeráid Eorpach, 2024.

*Foinse:* CIE.

**08** Foilsíodh an chéad Straitéis de chuid an Aontais maidir le hOiriúnú in 2013. Deimhníodh sa mheastóireacht a rinneadh in 2018[11] gur chomhlíon an straitéis sin a cuspóirí ar an iomlán, ach thángthas ar an gconclúid inti go raibh an Eoraip fós an-leochaileach d'iarmhairtí an athraithe aeráide. I bhFeabhra 2021, foilsíodh Straitéis nua an Aontais Eorpaigh maidir le hOiriúnú don Athrú Aeráide d'fhonn 'Eoraip Athléimneach a Thógáil faoi 2050', mar a fhoráiltear dó sin sa Dlí Aeráide Eorpach.

**09** Léirítear i ***bhFíor 3*** na ceithre phríomhchuspóir atá ag straitéis oiriúnúcháin nua an Aontais.

### Fíor 3 – Straitéis an Aontais Eorpaigh um an Oiriúnú, 2021





*Foinse:* CIE, bunaithe ar straitéis oiriúnúcháin 2021 an Aontais.

[11] Tuarascáil ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle maidir le cur chun feidhme straitéis an Aontais maidir le hoiriúnú don athrú aeráide.

## Róil agus freagrachtaí an Aontais agus na mBallstát

**10** Mar a léirítear i ***bhFíor 4***, tá comhlachtaí éagsúla de chuid an Aontais rannpháirteach i mbeartas oiriúnúcháin foriomlán an Aontais. Ós rud é gur téama trasearnála é an t-oiriúnú, téann go leor beartas eile amhail beartais réigiúnacha, talmhaíochta nó chomhshaoil i ngleic leis an oiriúnú, cé nach ndéantar idirdhealú i gcónaí leis an gcistiú idir an t-oiriúnú don athrú aeráide agus an maolú ar an athrú aeráide. Cé go bhfuil comhchreat ginearálta maidir le hoiriúnú don athrú aeráide ag an Aontas, agus cé go gcinneann na Ballstáit cén cur chuige a ghlacfaidh siad don chur chun feidhme, leag an Coimisiún béim le déanaí ar an ngá atá le soiléiriú breise a dhéanamh ar fhreagrachtaí rialachais agus ar úinéireacht riosca chun bainistiú níos fearr a dhéanamh ar na rioscaí aeráide atá ag dul i méid[12].

### Fíor 4 – Róil agus freagrachtaí phríomhsheirbhísí an Choimisiúin




* Tá Copernicus á bhainistiú ag an Lárionad Eorpach do Réamhaisnéisí Aimsire Meánraoin agus ag EEA.

*Foinse:* CIE.

[12] Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le rioscaí aeráide a bhainistiú, 2024.

**11** Leis an Dlí Aeráide Eorpach, ceanglaítear ar an Aontas agus ar na Ballstáit dul chun cinn leanúnach a áirithiú maidir le hacmhainneacht oiriúnaitheachta a fheabhsú, athléimneacht a neartú agus leochaileacht i leith an athraithe aeráide a laghdú. Ní mór do na Ballstáit straitéis oiriúnúcháin náisiúnta agus plean oiriúnúcháin náisiúnta a bheith acu agus ní mór dóibh iad a thabhairt cothrom le dáta go rialta bunaithe ar na sonraí eolaíocha is déanaí atá ar fáil. Leis an Rialachán maidir le Rialachas an Aontais Fuinnimh agus na Gníomhaíochta Aeráide, ceanglaítear ar na Ballstáit freisin guaiseacha a bhaineann leis an aeráid a mheasúnú agus a rátáil agus faireachán agus meastóireacht a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí oiriúnúcháin.

# Scóip agus cur chuige na hiniúchóireachta

**12** Breathnaíodh san iniúchadh ar chreat agus cistiú an Aontais maidir le hoiriúnú don athrú aeráide agus ar an gcaoi ar thug sé aghaidh ar thionchair an athraithe aeráide san Aontas.

- Rinneamar anailís féachaint ar cuireadh creat fónta maidir le hoiriúnú don athrú aeráide ar fáil le straitéisí agus pleananna an Aontais agus le straitéisí agus pleananna náisiúnta agus an ndearnadh tuairisciú ceart orthu[13]; chomh maith leis sin, rinneamar measúnú ar fheasacht na straitéisí, na bpleananna agus na n-uirlisí de chuid an Aontais ar an leibhéal áitiúil.

- Rinneamar iarracht cistí an Aontais le haghaidh oiriúnú don athrú aeráide a shainaithint agus rinneamar measúnú féachaint ar rannchuidigh tionscadail ábhartha an Aontais ó 2014-2020 go héifeachtach leis an oiriúnú don athrú aeráide.

**13** Díríodh san iniúchadh seo ar ghníomhaíochtaí oiriúnúcháin laistigh den Aontas. Ní raibh gníomhaíocht an Aontais ná tacaíocht lasmuigh den Aontas san áireamh i scóip na hiniúchóireachta. Ní dhearnadh measúnú san iniúchadh ar phróisis ar an leibhéal náisiúnta, amhail pleanáil spásúlachta, bonneagar criticiúil, an próiseas soláthair phoiblí agus beartais fhioscacha.

**14** Chinneamar an t-iniúchadh seo a dhéanamh mar fhreagairt ar spéis shuntasach ónár ngeallsealbhóirí agus i bhfianaise ábharthacht agus thábhacht na topaice (míreanna ***01*** agus ***02***). An obair a rinneamar roimhe seo maidir le hoiriúnú don athrú aeráide, dhírigh sí ar rioscaí sonracha, agus tharraing sí aird ar shaincheisteanna a bhaineann le gníomhaíochtaí a bhíonn á gcistiú ag an Aontas sa réimse sin (***Fíor 5***). Táimid ag dréim leis go gcuideoidh ár gcuid oibre leis an gCoimisiún feabhas a chur ar an gcreat ginearálta maidir le hoiriúnú chun aghaidh níos fearr a thabhairt ar thionchair reatha an athraithe aeráide agus ar na tionchair a bheidh aige amach anseo. Táimid ag dréim leis freisin go mbeidh ár bhfionnachtana agus ár moltaí ábhartha chun feabhas a chur ar éifeachtacht chistí an Aontais a úsáidtear chun críocha oiriúnaithe agus chun tionscadail mhí-oiriúnaithe a chosc amach anseo.

---

[13] Airteagal 19 de Rialachán (AE) 2018/1999 maidir le Rialachas an Aontais Fuinnimh agus na Gníomhaíochta Aeráide.


## Fíor 5 – Obair CIE a bhaineann le hoiriúnú don athrú aeráide agus saincheisteanna a ardaíodh

| | |
|---|---|
| Rómheastachán féideartha ar chaiteachas atá ábhartha don ghníomhú ar son na haeráide (lena n-áirítear oiriúnú) | Tuarascáil speisialta 9/2022: Caiteachas aeráide i mbuiséad 2014-2020 an Aontais – Níl sé chomh hard agus a tuairiscíodh |
| Easnaimh maidir le foraoisí an Aontais a chur in oiriúint don athrú aeráide | Tuarascáil speisialta 21/2021: Cistiú an Aontais don bhithéagsúlacht agus don athrú aeráide i bhforaoisí an Aontais – Torthaí dearfacha ach teoranta |
| Tacaíocht do bharra a éilíonn go leor uisce agus infheistíochtaí i limistéir nua uiscithe | Tuarascáil speisialta 20/2021: Úsáid inbhuanaithe uisce sa talmhaíocht – Is mó seans go gcuirfidh cistí CBT úsáid níos mó uisce chun cinn seachas úsáid níos éifeachtúla uisce |
| Imní faoi inbhuanaitheacht fhadtéarmach tionscadal lena ndéantar fairsingiú fásaigh a chomhrac | Tuarascáil speisialta 33/2018: Fairsingiú fásaigh a chomhrac san Aontas – Bagairt atá ag dul i méid agus a bhfuil gá le tuilleadh gníomhaíochta ina leith |
| Réitigh dhúlrabhunaithe in úsáid níos annaimhe ná mar atá bonneagar liath | Tuarascáil speisialta 25/2018: An Treoir maidir le Tuilte – Dul chun cinn maidir le measúnú a dhéanamh ar rioscaí, agus ní mór feabhas a chur ar phleanáil agus ar chur chun feidhme |

*Foinse:* CIE.

**15** Chlúdaigh ár n-iniúchadh an tréimhse ó Eanáir 2014 go Nollaig 2023. Rinneamar ár n-iniúchadh sa Choimisiún agus thugamar cuairt ar cheithre Bhallstát: an Ostair, an Eastóin, an Fhrainc (réigiúin Nouvelle-Aquitaine agus Sud) agus an Pholainn (réigiúin Pomorskie agus Małopolskie). Roghnaíomar Ballstáit mhóra agus bheaga le meascán de bhainistíocht láraithe agus réigiúnaithe ar chistiú ón Aontas agus a raibh leibhéil éagsúla de bhaol riosca ag roinnt leo a mhéid a bhaineann le tionchair an athraithe aeráide. Bhí sé d'aidhm ag ár sampla de 36 thionscadal ó 2014-2020 cumhdach leathan a áirithiú ar réimsí atá i mbaol an athraithe aeráide agus ar ionstraimí éagsúla de chuid an Aontais, ach fós ábharthacht agus stádas a gcur chun feidhme a chur san áireamh. Léirítear i ***bhFíor 6*** conas a bhailíomar fianaise iniúchóireachta.

## Fíor 6 – Fianaise iniúchóireachta a bhailiú




* Gníomhú ar son na hAeráide, Talmhaíocht agus Forbairt Tuaithe, Beartas réigiúnach agus uirbeach, Taighde agus Nuálaíocht, an Comhshaol.

** An Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um Thaighde, an Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um an Aeráid, Bonneagar agus Comhshaol agus Gníomhaireacht Feidhmiúcháin na Comhairle Eorpaí um Thaighde.

*Foinse:* CIE.

# Barúlacha

## Tá creat oiriúnúcháin fónta ag an Aontas, ach tá tuairisciú neamhéifeachtach agus feasacht áitiúil íseal

### Creat fónta de chuid an Aontais maidir le hoiriúnú don athrú aeráide

**16** Mar a fhoráiltear le hAirteagal 5 den Dlí Aeráide Eorpach, ba cheart go mbeadh creat straitéiseach agus dlíthiúil an Aontais bunaithe ar anailís riosca fhónta, as a dtiocfaidh gníomhaíochtaí éifeachtacha comhsheasmhacha chun aghaidh a thabhairt ar oiriúnú don athrú aeráide. Rinneamar athbhreithniú ar chreat an Aontais maidir le hoiriúnú don athrú aeráide agus rinneamar anailís ar a phríomhghnéithe agus ar a éabhlóid.

**17** Agus réaltacht thionchair an athraithe aeráide agus an géarghá atá le gníomhú á n-aithint, moltar i Straitéis 2021 an Aontais maidir le hoiriúnú don athrú aeráide gníomhaíochtaí chun acmhainneacht oiriúnaitheachta a threisiú, athléimneacht a fheabhsú agus leochaileacht i leith an athraithe aeráide a laghdú. Is í an fhís uileghabhálach ná gur 'sochaí aeráid-díonach a bheidh san Aontas, a bheidh oiriúnaithe go hiomlán do thionchair dhosheachanta an athraithe aeráide' faoi 2050. Bhreathnaíomar ar thrí cinn de na ceithre chuspóir atá leagtha síos i straitéis oiriúnúcháin an Aontais (mír ***13*** agus ***Fíor 3***): oiriúnú níos cliste, oiriúnú níos sistéamaí, agus oiriúnú níos tapa. I míreanna ***18*** go ***20***, tugtar cur i láthair ar phríomhghníomhaíochtaí an Choimisiúin sa réimse sin.

**18** Tagraíonn **oiriúnú níos cliste** d'eolas a fheabhsú agus éiginnteacht a bhainistiú. Ó 2021 i leith, tá an méid seo a leanas déanta ag an gCoimisiún:

- roinnt uirlisí a sheoladh agus a fhorbairt, amhail an Mol Sonraí Riosca chun sonraí a chomhroinnt maidir le rioscaí tubaiste, leochaileacht i leith tubaistí agus caillteanas tubaistí;
- d'oibrigh sé le EEA chun an t-ardán Climate-ADAPT a nuashonrú agus a leathnú, ardán atá deartha chun faisnéis a roinnt faoi bheartais agus tionscnaimh náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla de chuid an Aontais maidir le hoiriúnú don athrú aeráide, leochaileachtaí, cás-staidéir agus uirlisí a thacaíonn le pleanáil oiriúnúcháin.

**19** Chun tacú le **cur chuige córasach** maidir le forbairt beartais, rinne an Coimisiún oiriúnú don athrú aeráide a ionchorprú i roinnt beartas, lena n-áirítear straitéis nua foraoise an Aontais. Is príomhghné den chomhbheartas talmhaíochta é an t-athrú aeráide, ach ní dhéantar idirdhealú idir maolú agus oiriúnú sa chuspóir maidir le gníomhú ar son na haeráide. Ina theannta sin, in 2023, d’eisigh an Coimisiún treoirlínte nuashonraithe maidir le straitéisí agus pleananna oiriúnúcháin náisiúnta. Mar shampla, thugamar faoi deara go ndearnadh dul chun cinn maith san fhochuspóir go ndéanfaí réitigh dhúlrabhunaithe maidir le hoiriúnú a chur chun cinn i ndlí, treoirlínte agus cistiú an Aontais (***Fíor 7***).

## Fíor 7 – Réitigh dhúlrabhunaithe maidir le hoiriúnú don athrú aeráide a chur chun cinn san Aontas Eorpach

**STRAITÉISÍ**


Leagtar béim i **straitéis foraoise nua AE** do 2030 ar an ngá atá le hoiriúnú, le spriocanna agus bearta sonracha ann *(i.e. treochlár chun 3 bhilliún crann a chur trí speicis oiriúnacha de chrainn a úsáid).*

I **Straitéis ithreach AE do 2030 fógraíodh dlí maidir le sláinte ithreach**. Mhol an Coimisiún treoir maidir le faireachán agus athléimneacht ithreach, ina leagtar béim ar ról suntasach na hithreach maidir le maolú ar an athrú aeráide ach freisin maidir le hoiriúnú trí fheabhas a chur ar a mhéid atá an ithir in ann uisce a choinneáil.

***Sé thuarascáil***
*chun treoir agus comhairle a thabhairt do pháirtithe leasmhara maidir le réitigh dhúlrabhunaithe*

**TREOIRLÍNTE**

Ó 2021, tá **sé thuarascáil** foilsithe ag an gCoimisiún chun treoir agus comhairle a thabhairt do pháirtithe leasmhara maidir le réitigh dhúlrabhunaithe (e.g. *Leas a bhaint as cumhacht an chomhair le haghaidh Réitigh Dhúlrabhunaithe: smaointe agus léargais nua do chinnteoirí áitiúla, Iúil 2023).*



***20 %***
*de thalamh agus limistéir mara an Aontais faoi 2030*

**REACHTAÍOCHT**

Ghlac Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle an **Dlí maidir le hAthchóiriú an Dúlra**, ar dlí é sin arb é is aidhm dó éiceachórais dhíghrádaithe a athchóiriú a rannchuidíonn le laghdú rioscaí tubaiste agus le hoiriúnú don athrú aeráide. Is í an phríomhsprioc cheangailteach ar leibhéal an Aontais ná bearta athshlánúcháin a chur i bhfeidhm ionas go gclúdóidh sé 20 % ar a laghad de limistéir talún agus mhara AE faoi 2030.

***151 thionscadal taighde***
*ar réitigh dhúlrabhunaithe*

**CISTIÚ**

Idir 2011 agus 2020, mhaoinigh an tAontas 151 **thionscadal taighde maidir le réitigh dhúlrabhunaithe**. Deimhnítear inár n-obair iniúchóireachta freisin go bhfuil ionadaíocht mhaith ag na tionscadail sin sa bheartas comhtháthaithe agus réigiúnach.

*Tabhair ar aire:* De réir an Choimisiúin, is éard atá i réitigh dhúlrabhunaithe ná 'réitigh a fhaigheann inspioráid agus tacaíocht ón dúlra, atá costéifeachtach, a sholáthraíonn, go comhuaineach, tairbhí comhshaoil, tairbhí sóisialta agus tairbhí eacnamaíocha, agus a chuidíonn le hathléimneacht a chothú'.

*Foinse:* CIE.

**20** Chun tacú le **hoiriúnú níos tapa**, rinne an Coimisiún an méid seo a leanas:

- sheol sé misean an Aontais maidir le hoiriúnú don athrú aeráide chun borradh a chur faoin taighde agus faoin nuálaíocht sa réimse sin agus chun dlús a chur leis an oiriúnú don athrú aeráide ar an leibhéal réigiúnach agus ar an leibhéal áitiúil;
- d'fhoilsigh sé treoir theicniúil maidir le bonneagar a dhíonadh ar an athrú aeráide agus maidir le foirgnimh a chur in oiriúint don athrú aeráide. Don tréimhse 2021-2027, ní mór do na Ballstáit bearta maidir le maolú ar an athrú aeráide agus oiriúnú don athrú sin a ionchorprú i bhforbairt gach tionscadail infheistíochta bonneagair atá cómhaoinithe ag an Aontas;
- threisigh sé an creat rialála chun fionnuisce a chosaint. Tháinig an Rialachán maidir le hAthúsáid Uisce agus athmhúnlú na Treorach maidir le hUisce le hÓl i bhfeidhm in 2021.

Mar achoimre, measaimid gur fhorbair an Coimisiún uirlisí agus tionscnaimh ábhartha chun eolas a roinnt maidir le hoiriúnú don athrú aeráide. Tá creat an Aontais cuimsitheach agus tá oiriúnú don athrú aeráide i réimsí beartais ábhartha clúdaithe aige. Tá Measúnú Eorpach ar Rioscaí Aeráide foilsithe ag EEA ina sainaithnítear na príomhrioscaí aeráide agus ina ndéantar meastóireacht ar cé chomh práinneach is atá sé aghaidh a thabhairt ar na rioscaí sin. In éineacht leis an teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le rioscaí aeráide a bhainistiú, tá sé sin ina chomhlánú ar chreat an Aontais agus feidhmíonn sé mar anailís fhónta riosca.

## Creataí náisiúnta oiriúnaithe atá comhsheasmhach go ginearálta le straitéis an Aontais

**21** Is é cuspóir uileghabhálach chreat oiriúnúcháin an Aontais ná go dtiocfaidh an tAontas Eorpach chun bheith aeráid-díonach faoi 2050. Comhlánaíonn sé sin cuspóir an Aontais maidir le haeráidneodracht a bhaint amach faoi 2050, ar cuspóir é sin atá leagtha amach sa Dlí Aeráide Eorpach. Tá feidhm ag na spriocanna sin ar leibhéal an Aontais seachas feidhm a bheith aige ar leibhéal gach aon Bhallstáit. Dhéanfaí na ceanglais straitéiseacha ón Dlí Aeráide Eorpach agus ó straitéis oiriúnúcháin an Aontais a aistriú trí dhlí aeráide náisiúnta isteach ina gceanglas dlíthiúil ar an leibhéal náisiúnta. Laistigh dár sampla de na Ballstáit, is í an Fhrainc amháin a bhfuil dlí aeráide náisiúnta glactha aici (in 2021), rud a théann níos faide ná ceanglais an Aontais.


**22** Mar a fhoráiltear leis an Dlí Aeráide Eorpach, ba cheart do na Ballstáit a leochaileachtaí i ndáil leis an athrú aeráide a shainaithint, straitéisí oiriúnúcháin náisiúnta (SON) agus plean oiriúnúcháin náisiúnta (PON) a bhunú, agus iad sin a thabhairt cothrom le dáta go rialta (mír ***11***). Rinneamar anailís ar na doiciméid straitéiseacha sin do na ceithre Bhallstát roghnaithe, ag díriú ar a stádas, ar chostais mheasta an oiriúnaithe nó na neamhghníomhaíochta, ar na rioscaí a sainaithníodh, agus ar chomhsheasmhacht na ngníomhaíochtaí beartaithe le straitéis oiriúnúcháin an Aontais. Bhí ár scóip teoranta do na guaiseacha, na hearnálacha nó na limistéir a sainaithníodh mar na cinn is mó ar baolach an t-athrú aeráide dóibh sna Ballstáit sin, eadhon tuilte, ganntanas uisce, bainistiú foraoisí, creimeadh cósta agus limistéir shléibhtiúla.

**23** Iarrtar i straitéis oiriúnúcháin an Aontais go ngníomhófaí láithreach ionas go mbeidh an tAontas in oiriúint go hiomlán do thionchair dhosheachanta an athraithe aeráide faoi 2050. I ***bhFíor 8***, tugtar achoimre ar stádas na straitéisí agus na bpleananna náisiúnta oiriúniúcháin san Aontas, agus tugtar nuashonruithe ar ár sampla de Bhallstáit. Thugamar faoi deara go raibh an Pholainn i mbun nuashonrú a dhéanamh ar a straitéis maidir le hoiriúnú don athrú aeráide. Ní raibh sé soiléir an gcuirfeadh an Pholainn an samhailchás a rabhthas ag dréim leis don Eoraip san áireamh[14].

---

[14] Seirbhís Copernicus um an Athrú Aeráide, Buaicphointí Aeráide Domhanda 2023.

### Fíor 8 – Stádas na straitéisí/bpleananna oiriúnúcháin náisiúnta san Aontas agus na meastacháin is déanaí ar an athrú aeráide i gcás sampla de Bhallstáit




*Nóta:* Amhail i Meán Fómhair 2024, ní raibh plean oiriúnúcháin náisiúnta na Fraince foilsithe fós.

*Foinse:* CIE, bunaithe ar shonraí EEA. I gcás na gceithre Bhallstát ar thugamar cuairt orthu, léirítear sna blianta an nuashonrú is déanaí ar PON/SON agus tagraíonn an t-ardú teochta do na réamh-mheastacháin le haghaidh 2100 a úsáidtear sna doiciméid sin.

**24** Is féidir le straitéisí agus pleananna oiriúnúcháin náisiúnta a bheith mar bhonn chun riachtanais oiriúnúcháin a chinneadh agus a gcostais a mheas, ach is próiseas dinimiciúil é a éilíonn measúnú leanúnach. Léirítear i ***dTábla 1*** cad iad na costais oiriúnúcháin mheasta a sainaithníodh sna Ballstáit inár sampla. Tá aird á tarraingt againn ar an riosca a bhaineann le gannmheastachán a dhéanamh ar riachtanais infheistíochta oiriúnúcháin sna Ballstáit ina ndearnadh na riachtanais sin a chainníochtú:

- Bhí sé beartaithe ar dtús ag an Eastóin €44 mhilliún a shlógadh idir 2017 agus 2030[15]. Is é an costas measta a bhaineann anois le cur i bhfeidhm an PON thar an tréimhse sin ná €598 milliún.
- D'úsáid an Ostair sonraí ó 2014 chun a riachtanais oiriúniúcháin a mheas ina PON do 2024.

### Tábla 1 – Costas measta na gcostas neamhghníomhaíochta/oiriúnúcháin inár sampla de Bhallstáit (milliún euro/bliain, ag praghsanna reatha)

| Tasc | An Ostair | An Eastóin | An Fhrainc | An Pholainn |
|---|---|---|---|---|
| Costas na neamhghníomhaíochta (damáiste a dhéantar mura gcuirtear beartais/idirghabhálacha chun feidhme nó má chuirtear beartais/idirghabhálacha teoranta chun feidhme) | 2 000<br>(arna mheas go bliantúil go dtí 2030) | Gan ríomh | | 2 760<br>(is é 27 600 atá measta le haghaidh 2021-2030) |
| Costas na mbeart oiriúniúcháin atá beartaithe | 488<br>(meastachán bliantúil a rinneadh in 2014) | 59<br>(is é 296 atá measta le haghaidh 2021-2025) | 1 740<br>(is é 8 700 atá measta le haghaidh 2018-2022) | Gan ríomh |

*Foinse:* An Ostair – Bileog eolais dar teideal *PACINAS: 'Ausgaben des Bundes für Klimawandelanpassung'* agus staidéar COIN, Meitheamh 2020; An Eastóin – Plean gníomhaíochta KOHAK; an Fhrainc – Doiciméad tuairiscithe; an Pholainn – SPA 2020.

[15] Plean Forbartha na hEastóine maidir le hOiriúnú don Athrú Aeráide go dtí 2030, tábla 6.1.

**25** Fuaireamar go ndearna na Ballstáit uile a roghnaíodh don iniúchadh seo measúnuithe riosca aeráide agus gur shainaithin siad na hearnálacha is leochailí ina bpleananna nó straitéisí um an oiriúnú don athrú aeráide (mír ***22***). Rinne siad gníomhaíochtaí a phleanáil freisin i dtreo oiriúnú níos fearr don athrú aeráide.

**26** Tá dhá phríomhghné den oiriúnú atá nasctha leis an athrú aeráide i gceist le **bainistiú uisce**: ganntanas uisce agus tuilte. Le straitéis oiriúnúcháin 2021 an Aontais, cuireadh níos mó béim ar an mbaol go mbeadh ganntanas uisce ann ná ar an mbaol tuilte. Ar an iomlán, fuaireamar go raibh na creataí náisiúnta um oiriúnú don aeráid a bhí ag na ceithre Bhallstát inár sampla comhsheasmhach le straitéis oiriúnúcháin an Aontais i ndáil le tuilte agus ganntanas uisce. Rinne na creataí oiriúnúcháin náisiúnta don Ostair, don Fhrainc agus don Pholainn laghdú ar thomhaltas uisce a chur chun cinn ar an leibhéal náisiúnta. Mar sin féin, ní raibh an dreasacht chun tomhaltas uisce a laghdú chomh soiléir céanna sna pleananna réigiúnacha agus earnála (***Bosca 2***).

## Bosca 2

### Riachtanais mhéadaithe uisciúcháin i gcomparáid le hídiú uisce a laghdú

Moltar i bplean oiriúnúcháin náisiúnta na hOstaire go ndéanfaí tomhaltas uisce sa tionscal agus sa talmhaíocht a laghdú trí theicneolaíocht níos éifeachtúla. Mar sin féin, táthar ag tuar freisin go dtiocfaidh méadú ar na limistéir atá le huisciú. Tugtar le fios sna ríomhanna i bplean na hOstaire go méadóidh riachtanais uisciúcháin talmhaíochta a dhá oiread i roinnt réigiún faoi 2050[16].

Is é is aidhm do phlean oiriúnúcháin náisiúnta na Fraince ná tomhaltas uisce a laghdú[17].
Is é is aidhm don phlean talmhaíochta le haghaidh uisce agus oiriúnú don athrú aeráide (Varenne de l'eau) agus do na pleananna réigiúnacha do réigiúin Nouvelle-Aquitaine agus Sud ná córais uiscithe éifeachtúla a fhorbairt ach an limistéar uiscithe a mhéadú ag an am céanna; ní luann sé laghdú ar thomhaltas uisce ar chor ar bith.

Cé go leagtar síos sprioc sa phlean le haghaidh Nouvelle-Aquitaine go ndéanfaí laghdú 30 % ar thomhaltas uisce talmhaíochta, níl feidhm aige sin ach amháin maidir le tréimhsí ísealuisce. Taobh amuigh de na tréimhsí sin, níl aon dreasacht ann chun tomhaltas uisce a laghdú. Tá sé mar aidhm i bplean aeráide 2021-2026 go ndéanfaidh réigiún Sud 'an limistéar uiscithe atá ann faoi láthair a mhéadú 15 % laistigh de 10 mbliana'.

*Foinse:* CIE, bunaithe ar dhoiciméid náisiúnta/réigiúnacha inár sampla de na Ballstáit.

**27** Maidir le hearnáil na **foraoiseachta**, a bhfuil tionchar mór ag an athrú aeráide uirthi, thugamar ar aire go raibh straitéisí agus pleananna náisiúnta na mBallstát inár sampla ailínithe le straitéis an Aontais. Is é is aidhm dóibh ná athléimneacht foraoisí a mhéadú trí bhreithnithe oiriúnúcháin a ionchorprú sa chaoi a mbainistítear foraoisí (e.g. éagsúlú foraoisí, cleachtais bhainistíochta). Fuaireamar amach, áfach, nár sainaithníodh go soiléir i bplean oiriúnúcháin na hEastóine an gá atá le foraoisí a éagsúlú.

[16] Straitéis oiriúnúcháin, Cuid 2, lch. 57.

[17] Varenne agricole de l'eau et de l'adaptation au changement climatique (Talmhaíocht Varenne le haghaidh uisce agus oiriúnú don athrú aeráide).
Plean aeráide do réigiún Sud: Gardons une COP d'avance (Déanfaimis COP a choinneáil chun tosaigh).
Plean aeráide do réigiún Nouvelle Aquitaine: NeoTerra.

**28** Bhí na straitéisí/pleananna oiriúnúcháin Eorpacha agus náisiúnta chun dul i ngleic leis an riosca **creimthe cósta** comhsheasmhach den chuid is mó, agus rinne siad réitigh dhúlrabhunaithe a chur chun cinn (an Fhrainc agus an Pholainn) chomh maith le athlonnú straitéiseach (an Fhrainc). D'aithin an Eastóin an riosca creimthe cósta ach níor phleanáil sí aon ghníomhaíocht chun aghaidh a thabhairt air ar an leibhéal náisiúnta, seachas é a chur san áireamh le haghaidh pleanáil úsáid talún.

**29** Ní mór do **réigiúin shléibhtiúla agus do thurasóireacht sciála** dul in oiriúint do laghdú sa sneachta agus do leá dosheachanta oighearshruthanna. Tá na straitéisí agus pleananna oiriúnúcháin Eorpacha, náisiúnta agus réigiúnacha faichilleach maidir leis an ngá agus na modhanna chun ionaid sciála a chur in oiriúint do dhálaí aeráide amach anseo:

- Shainaithin an Fhrainc roghanna malartacha amhail gníomhaíochtaí a éagsúlú agus turasóireacht a fhorbairt ar feadh na bliana, ach níor thug ach naoi mbeart as 470 aghaidh go díreach ar an tsaincheist maidir leis an turasóireacht sléibhe a chur in oiriúint don athrú aeráide[18]. Le Dlí Aeráide na Fraince ceanglaítear ar gach limistéar sléibhtiúil plean straitéiseach a fhorbairt chun oiriúnú don athrú aeráide, lena sainaithnítear bealaí chun gníomhaíochtaí eacnamaíocha agus turasóireachta a éagsúlú.
- Is é conclúid straitéis na hOstaire ná go mbeadh neamhréir ann dá méadófaí táirgeadh sneachta ag airdí níos ísle, toisc go mbainfí amach é ar shlí a rachadh chun dochair do thomhaltas uisce agus fuinnimh. Cuireann an Ostair turasóireacht ceithre shéasúr chun cinn freisin.

**30** Tacaíonn córais luathrabhaidh leis an oiriúnú don athrú aeráide trí chabhrú le sochaithe ullmhú do thionchair dhiúltacha aeráide atá ag athrú agus trí fhreagairt dóibh. Is ceannródaí domhanda í an Eoraip, a bhfuil córas réamhrabhaidh aici atá ag clúdach thart ar 75 % dá daonra[19]. Inár sampla, bhí Córas Gearrtheachtaireachtaí (SMS) i bhfeidhm ag an Eastóin, ag an bhFrainc agus ag an bPolainn, agus bhí an Ostair ag obair ar cheann.

[18] Cúirt Iniúchóirí na Fraince – Tuarascáil: *Les stations de montagne face au changement climatique*, 2024.

[19] Seirbhís Copernicus um an Athrú Aeráide, Buaicphointí Aeráide Domhanda 2023.

## Tuairisciú neamhéifeachtach agus neamhleor ar ghníomhaíochtaí maidir le hoiriúnú don athrú aeráide san Aontas

**31** Mar a fhoráiltear in Airteagal 19 de Rialachán (AE) 2018/1999 maidir le Rialachas an Aontais Fuinnimh agus na Gníomhaíochta Aeráide, ba cheart córas tuairiscithe éifeachtach a bheith ann chun tacú leis an gcreat straitéiseach don oiriúnú. Le córas den sórt sin, dhéanfaí measúnú ar an dul chun cinn atá déanta agus chuideofaí leis na Ballstáit agus leis an Aontas aghaidh a thabhairt go leordhóthanach ar rioscaí aeráide agus a bpleananna agus a straitéisí um an oiriúnú don athrú aeráide a bheachtú. D'fhéachamar ar thuairisciú ar oiriúnú don athrú aeráide agus ar an gcaoi a n-úsáidtear é chun meastóireacht a dhéanamh ar an dul chun cinn.

**32** Le **hAirteagal 19** de Rialachán (AE) 2018/1999 ceanglaítear ar na Ballstáit faisnéis a thuairisciú 'gach dhá bhliain ina dhiaidh sin maidir le pleanáil agus straitéisí náisiúnta um oiriúnú don athrú aeráide, ina leagtar amach na gníomhaíochtaí atá curtha chun feidhme agus beartaithe acu'.

**33** Faoi Mhárta 2023, bhí sé de cheangal ar na Ballstáit tuairisc a thabhairt ar a ngníomhaíochtaí oiriúnúcháin náisiúnta den dara huair[20]. Tuairisciú tuairisciúil den chuid is mó atá sa tuairisciú sin, nach bhfuil ann ach measúnuithe ginearálta agus cáilíochtúla[21]. Ní dhéanann na Ballstáit aon mheasúnú cainníochtúil ar an dul chun cinn agus ní úsáideann siad aon táscaire bunúsach coiteann. Ós rud é nach bhfuil táscairí coiteanna ná bonn tagartha ann, is deacair measúnú a dhéanamh ar an dul chun cinn atá déanta ag na Ballstáit maidir lena ngníomhaíochtaí oiriúnúcháin a chur chun feidhme agus, dá bhrí sin, ar an dul chun cinn atá déanta acu ar leibhéal an Aontais (***Tábla 2***).

---

[20] Airteagal 19 de Rialachán (AE) 2018/1999 agus Iarscríbhinn I de Rialachán Cur Chun Feidhme 2020/1208.

[21] Rialachán 1999/2018, Iarscríbhinn VIII, Cuid 1.

## Tábla 2 – Airteagal 19: tuairisciú ar an dul chun cinn atá déanta maidir le tosaíochtaí oiriúnúcháin a bhaint amach dár sampla de na Ballstáit

| Ballstát | Achoimre den tuairisciú | Samplaí ó earnáil na foraoiseachta agus ó bhainistiú uisce | Laigí/láidreachtaí a shainaithníomar |
|---|---|---|---|
| **An Ostair**  | Tuarascálacha ar dhul chun cinn in earnálacha roghnaithe ina bhfuil samplaí de na bearta oiriúnúcháin atá bainte amach. | Laghdú leanúnach ar chion an sprúis, agus treocht i dtreo coillte measctha le cion níos airde de chrua-adhmad.<br><br>Bearta éagsúla a glacadh chun éiceolaíocht uisce a fheabhsú, amhail leanúnachas abhann a athbhunú. | Faireachán náisiúnta ardfhorbartha ar oiriúnú (critéir arna bhforbairt le haghaidh gach limistéir), ach gan ach tuairisciú páirteach a dhéanamh don Choimisiún. |
| **An Eastóin**  | Den chuid is mó, tagraíonn sé do réigiúin agus bagairtí sonracha atá buailte ag an aeráid. | Níor luadh aon dul chun cinn. | Comhordú lag idir creat náisiúnta le haghaidh rioscaí aeráide agus gníomhaíochtaí oiriúnúcháin. |
| **An Fhrainc**  | Tuairisc ar an bPlean Oiriúnúcháin Náisiúnta (PON) atá ann faoi láthair. | | An tuairisciú céanna le haghaidh 2021 agus 2023 (níor cuireadh an mheastóireacht mheántéarma ar Phlean Gníomhaíochta Náisiúnta na Fraince ó 2022 san áireamh). |
| **An Pholainn**  | Tugtar tuairisc ar shamplaí de ghníomhaíochtaí atá beartaithe agus ar staid reatha na straitéise oiriúnúcháin. | Níor luadh aon dul chun cinn in earnáil na foraoiseachta.<br><br>Foilsiú Chlár um Chosc ar Ghanntanais Uisce 2021-2027 chun an riosca tuilte a laghdú agus chun éifeachtaí triomaigh a mhaolú. | Gan aon tuairisciú náisiúnta ar ghníomhaíochtaí oiriúnúcháin.<br><br>Sonraí atá ar fáil maidir le bearta/tionscadail oiriúnúcháin aonair nár tiomsaíodh nó nár úsáideadh. |

*Foinse:* CIE, bunaithe ar thuairisciú 2023 ó na Ballstáit faoi Airteagal 19.

**34** Aithnímid gur forbairt dhearfach é an tuairisciú ar bheartais oiriúnúcháin faoi Airteagal 19. Mar sin féin, tá bac á chur ar a éifeachtacht faoi láthair mar gheall ar easpa ábharthachta, cáilíochta agus inchomparáideachta na sonraí a chuireann na Ballstáit isteach. Fuaireamar nach leor na sonraí chun meastóireacht a dhéanamh ar an dul chun cinn maidir le hoiriúnú don athrú aeráide sna Ballstáit. Dá bhrí sin, d'fhéadfadh sé go gcaillfeadh an Coimisiún agus na Ballstáit an deis measúnú a dhéanamh ar an dul chun cinn atá déanta acu ó thaobh oiriúnú don athrú aeráide agus ó thaobh aghaidh a thabhairt ar rioscaí agus leochaileachtaí d'fhonn a bheith níos athléimní ó thaobh na haeráide de.

**35** Fuaireamar go bhfágann an fhaisnéis a thugann na Ballstáit tríd an gcur chuige reatha seo go bhfuil teorainn leis an luach atá ag measúnú ar an dul chun cinn i dtaca le gníomhaíochtaí maidir le hoiriúnú don athrú aeráide. Déanann EEA rialuithe cáilíochta ar na tuarascálacha a chuirtear isteach faoi Airteagal 19 agus tugann sé aiseolas deonach do na Ballstáit, ach níl aon bhealach aige chun faisnéis níos ábhartha, níos iomláine ná níos cothroime le dáta a iarraidh. I Nollaig 2023, d'eisigh an Coimisiún a mheasúnú ar an dul chun cinn náisiúnta faoin Dlí Aeráide Eorpach, mar aon le moltaí do na Ballstáit.

## Feasacht íseal áitiúil ar uirlisí, straitéisí agus pleananna an Aontais maidir le hoiriúnú don athrú aeráide

**36** Is beartas trasearnála é an t-oiriúnú don athrú aeráide ar cheart aghaidh a thabhairt air ar an leibhéal domhanda, ar leibhéal an Aontais, ar an leibhéal náisiúnta, ar an leibhéal réigiúnach agus ar an leibhéal áitiúil[22]. Ar lámh amháin, is féidir le dlíthe náisiúnta agus tosaíochtaí polaitiúla spriocanna, caighdeáin agus treoirlínte a leagan síos lena n-áirithítear cur chuige comhsheasmhach san oiriúnú. Ar an lámh eile, is fearr is féidir le pobail áitiúla dul i ngleic lena leochaileachtaí aeráide uathúla. Meastar i straitéis oiriúnúcháin an Aontais 'gurb é an leibhéal áitiúil bunchloch an oiriúnúcháin, mar sin ní mór do thacaíocht an Aontais cuidiú le méadú na hathléimneacht áitiúla'.

**37** De réir straitéis an Aontais um an oiriúnú, ba cheart don Choimisiún athléimneacht áitiúil a chothú agus dlús a chur le tacaíocht do phleanáil agus do chur chun feidhme áitiúil na ngníomhaíochtaí oiriúnúcháin. Ba cheart do phobail áitiúla a bheith ar an eolas faoi uirlisí an Aontais agus iad a úsáid chun dul chun cinn a dhéanamh maidir lena riachtanais oiriúnúcháin.

---


[22] Oiriúnú in earnálacha beartais an Aontais – Ardán Climate-ADAPT.

**38** Sheolamar suirbhé chuig 400 bardas inár sampla de Bhallstáit chun measúnú a dhéanamh ar fheasacht áitiúil ar chreataí oiriúnúcháin an Aontais agus ar chreataí oiriúnúcháin náisiúnta, ar chistiú agus ar uirlisí eile de chuid an Aontais (***Fíor 6***). De réir thorthaí ár suirbhé (***Iarscríbhinn***), ní raibh formhór na mbardas ar an eolas faoi na straitéisí agus pleananna oiriúnúcháin éagsúla. Fuaireamar an méid seo a leanas i dtaobh na mbardas sa suirbhé:

- Ní raibh beagnach 70 % díobh ar an eolas faoi straitéis oiriúnúcháin an Aontais;
- Ní raibh 60 % díobh ar an eolas faoi na pleananna oiriúnúcháin náisiúnta;
- Ní raibh 54 % díobh ar an eolas faoi na pleananna oiriúnúcháin réigiúnacha.

**39** Ní raibh ach 16 % de na bardais a ndearnadh suirbhé orthu tar éis plean oiriúnúcháin áitiúil a fhorbairt, cé go raibh 21 % eile ag obair ar phlean. Léiríonn sé sin treocht dhearfach ar an leibhéal áitiúil. Léirigh torthaí ár suirbhé go raibh céatadán na gcathracha a bhfuil plean oiriúnúcháin áitiúil acu 10 n-uaire níos mó ná an céatadán comhfhreagrach de bhardais i gceantair thuaithe (***Fíor 9***).

## Fíor 9 – Plean oiriúnúcháin áitiúil de réir mhéid uirbithe na mbardas a ndearnadh suirbhé orthu




**Cathracha**: limistéir dhlúthdhaonra – **Bailte agus bruachbhailte**: limistéir le dlús idirmheánach – **Limistéir thuaithe**: limistéir faoi líon beag daoine
Aicmítear críoch tíre ar chontanam uirbeach-tuaithe leis an aicmiú seo (DEGURBA) de réir mhéid an daonra agus na dtairseach dlúis daonra.

*Foinse:* CIE.

**40** Is próiseas dúshlánach é beartais oiriúnúcháin an Aontais agus beartais oiriúnúcháin náisiúnta a thrasuí i rialacha áitiúla. Fiú nuair a bhíonn bardais ar an eolas faoi na straitéisí uileghabhálacha agus nuair a chuireann siad tionscadail oiriúnúcháin chun feidhme, ní bhíonn siad réidh i gcónaí sásta géilleadh ar phointí áirithe le haghaidh oiriúnú amhail dianphleanáil úsáide talún (***Bosca 3***).

## Bosca 3

### Cuspóirí atá ag teacht salach ar a chéile idir tógáil agus oiriúnú don athrú aeráide

Fuair tionscadal cosanta uisce stoirme a roghnaíomar san Ostair maoiniú faoi CETFT chun taiscumar rialaithe tuilte agus díog draenála a thógáil. Fuaireamar amach gur chuir an tionscadal cosaint éifeachtach ar thuilte ar fáil don phobal áitiúil.

Thugamar faoi deara freisin, áfach, go raibh cead pleanála tugtha ag na húdaráis do thithe nua i gceantar atá i mbaol ó thuilte.




*Foinse:* CIE.

**41** I ***bhFíor 10***, taispeántar trí uirlis de chuid an Aontais arb é is aidhm dóibh borradh a chur faoi ghníomhaíochtaí áitiúla agus eolas a roinnt maidir le hoiriúnú don athrú aeráide.

- Cruthaíodh Climate-ADAPT in 2013 agus cuireann sé faisnéis úsáideach ar fáil chun tacú leis an Aontas oiriúnú don athrú aeráide.
- Ó 2014 i leith, tá na sonraí eolaíocha is déanaí maidir leis an athrú aeráide curtha ar fáil ag an tSeirbhís um Athrú Aeráide ó Copernicus.
- Le Cúnant na Méaraí de chuid an Aontais Eorpaigh, a cruthaíodh in 2009, tugtar le chéile bardais atá tiomanta do chuspóirí aeráide agus fuinnimh an Aontais a chur chun feidhme (i.e. pleananna oiriúnúcháin áitiúla a fhorbairt agus tuairisc a thabhairt ar a ndul chun cinn).

## Fíor 10 – Uirlisí an Aontais um an oiriúnú don athrú aeráide




*Foinse:* CIE, bunaithe ar fhaisnéis a fuarthas ón gCoimisiún.

**42** Measaimid go gcuireann na huirlisí sin sonraí úsáideacha ar fáil, go roinneann siad eolas, agus go gcuireann siad tacaíocht theicniúil ar fáil maidir le hoiriúnú don athrú aeráide san Aontas. Léirigh ár suirbhé nach raibh an oiread sin bardais ann a bhí ar an eolas fúthu nó nach n-úsáidtear iad ar an leibhéal áitiúil. As na bardais a d'fhreagair an suirbhé, ní raibh 77 % acu ar an eolas faoin ardán Climate-ADAPT. Ar an gcaoi chéanna, ní raibh 74 % de na freagróirí ar an eolas faoi sheirbhísí Copernicus. Inár gcuid oibre roimhe seo, thugamar ar aire 'go soláthraíonn Copernicus seirbhísí agus sonraí luachmhara, a chuir an Coimisiún chun cinn ar bhealaí éagsúla ach nach bhfuil dóthain déanta aige chun leas iomlán a bhaint as acmhainneacht iomlán na gclár agus chun leas a bhaint as an infheistíocht shuntasach a rinneadh chun na tairbhí a bhfuiltear ag dréim leo a bhaint amach'.[23]. Ar deireadh, ní raibh ach 10 % de na bardais a ndearnadh suirbhé orthu a bhí páirteach i gCúnant na Méaraí.

**43** Tá an bhacainn teanga ar cheann de na cúiseanna leis an bhfeasacht íseal seo ar an leibhéal áitiúil. Ó 2022 ar aghaidh, ní raibh an t-ardán Climate-ADAPT ar fáil ach i mBéarla amháin. In 2024, tá Climate-ADAPT ar fáil go pointe áirithe sa Ghearmáinis, sa Fhraincis, sa Spáinnis, san Iodáilis agus sa Pholainnis. Ina theannta sin, shainaithníomar uirlisí náisiúnta atá cosúil le huirlisí de chuid an Aontais um oiriúnú don athrú aeráide (***Bosca 4***).

### Bosca 4

### Uirlisí náisiúnta um oiriúnú don athrú aeráide nach bhfuil idirnasctha le huirlis an Aontais

Ní thagraíonn ardáin náisiúnta na Fraince agus na Polainne um oiriúnú don athrú aeráide (Centre de ressources pour l'adaptation au changement climatique agus KLIMADA, faoi seach) dá gcoibhéis san Aontas, Climate-ADAPT. Maoiníodh KLIMADA le cistí an Aontais.

Tá clár Klar! na hOstaire ag féachaint le réigiúin agus bardais a chumasú ó thaobh ullmhú don athrú aeráide de ó 2016. Níl ach trí cinn de na 79 réigiún agus bardas ann atá rannpháirteach sa chlár tar éis gealltanas a thabhairt maidir le gníomhaíochtaí um oiriúnú don athrú aeráide faoi Chúnant na Méaraí de chuid an Aontais Eorpaigh. Níl aon sineirgíocht ann idir an dá chlár.

*Foinse:* CIE, bunaithe ar dhoiciméid agus ar shuíomhanna gréasáin na n-údarás náisiúnta.

[23] Tuarascáil speisialta 07/2021: 'Cláir spáis an Aontais, Galileo agus Copernicus: seirbhísí seolta, ach ní foláir borradh breise a chur faoina nglacadh'.

# Maoiniú ón Aontas don oiriúnú don athrú aeráide – Tionscadail ábhartha ar deacair iad a rianú agus a thugann tús áite do réitigh ghearrthéarmacha seachas fhadtéarmacha

## Dúshláin maidir le cistiú an Aontais um an oiriúnú don athrú aeráide a rianú

**44** De réir Airteagal 7 de Chomhaontú Pháras, ba cheart don Choimisiún agus do na Ballstáit acmhainní airgeadais leordhóthanacha a leithdháileadh chun tacú lena straitéisí um oiriúnú don athrú aeráide agus lena bpleananna gníomhaíochta. Ba cheart faireachán a dhéanamh ar an gcistiú sin chun measúnú a dhéanamh ar an dul chun cinn agus chun meastóireacht a dhéanamh ar thorthaí ghníomhaíochtaí an Aontais um an oiriúnú don athrú aeráide. Chun caiteachas an Aontais ar oiriúnú don athrú aeráide a chainníochtú, bhreathnaíomar ar an gcistiú ábhartha a leithdháil an Coimisiún agus na Ballstáit.

**45** Tá roinnt cistí agus ionstraimí ag buiséad an Aontais a thacaíonn leis an oiriúnú don athrú aeráide, go háirithe sa talmhaíocht, sa taighde agus sa nuálaíocht, nó sa chomhtháthú agus san fhorbairt réigiúnach. Mar sin féin, i bhfianaise chineál trasearnálach na ngníomhaíochtaí a bhaineann leis an oiriúnú don athrú aeráide, is deacair na tionscadail ábhartha uile arna gcistiú ag an Aontas a shainaithint. Mar shampla, i gcás tionscadail atá cistithe ag an Aontas agus atá marcáilte mar thionscadail a thugann chosaint don dúlra, is féidir leo sin freastal ar an gcuspóir go mbeifí ag oiriúnú don athrú aeráide freisin. D’fhéadfadh sé freisin gur marcáladh go mícheart roinnt tionscadal mar oiriúnú atá ábhartha don athrú aeráide, mar a tugadh faoi deara inár gcuid oibre roimhe seo[24].

**46** I ***dTábla 3***, tugtar samplaí de thionscadail a fuair maoiniú ón Aontas agus a mheas an Coimisiún agus na Ballstáit a bheith ábhartha maidir le hoiriúnú don athrú aeráide.

---

[24] Tuarascáil speisialta 14/2024: ‘An tAistriú Glas – Doiléire faoin rannchuidiú ón tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta,’ Fíor 10.

## Tábla 3 – Samplaí de thionscadail oiriúnúcháin aeráide arna maoiniú faoi chistí éagsúla an Aontais


| Forbairt tuaithe (CETFT) | Cistí comhtháthaithe agus réigiúnacha | Taighde agus nuálaíocht (Fís Eorpach) | An comhshaol agus an aeráid (LIFE) |
|---|---|---|---|
| - éifeachtúlacht uisce (uisciú, infheistíochtaí stórála uisce)<br>- athchóiriú foraoise a ndearna stoirmeacha nó lotnaidí damáiste di | - bonneagar glas: réitigh dhúlrabhunaithe chun rioscaí tuilte, creimthe cósta, sciorrthaí talún nó triomaigh a laghdú<br>- bonneagar liath le haghaidh cosaint ar thuilte/cosaint chósta<br>- linnte coinneála uisce báistí chun aghaidh a thabhairt ar shaincheist na dtriomach agus an ghanntanais uisce<br>- athchóiriú bogaigh agus tailte portaigh | - samhaltú réamhaisnéis na haimsire agus anailís riosca don athrú aeráide<br>- taighde ar réitigh nua don oiriúnú don athrú aeráide | - réitigh dhúlrabhunaithe a thástáil chun rioscaí tuilte, creimthe cósta, dóiteáin, sciorrthaí talún nó triomaigh a laghdú<br>- modhanna nuálacha chun dul i ngleic le bagairtí éagsúla cosúil le héifeachtaí teasoileáin i gcathracha móra, fairsingiú fásaigh, etc. |

*Foinse:* CIE, bunaithe ar fhaisnéis ón gCoimisiún.

**47** Cuimsíonn buiséad an Aontais go leor cuspóirí nach mór a bheith ann i gcomhthráth leis an gcuspóir um an oiriúnú don athrú aeráide, amhail comhtháthú sóisialta, eacnamaíoch agus críochach a chur chun cinn. Is nádúrtha mar sin go mbeadh sé deacair an rannchuidiú a dhéanann clár le gach aon cheann de na cuspóirí a chur sa mheá. Mar shampla, is é atá mar aidhm ag maoiniú faoin mbeartas comhtháthaithe ná éagothromaíochtaí idir Ballstáit agus réigiúin a laghdú, ach d’fhéadfadh sé go mbeadh dífhoraoisiú nó brú méadaithe ar acmhainní uisce ann mar gheall ar a bheith ag maoiniú bonneagar chun tacú le forbairt eacnamaíoch agus iomaíochas.

**48** Léirítear i ***bhFíor 11*** samplaí de phríomhfhoinsí cistiúcháin an Aontais atá marcáilte le haghaidh oiriúnú don athrú aeráide le haghaidh 2014-2020 agus 2021-2027. Ní áirítear rannchuidiú an chomhbheartais talmhaíochta le hoiriúnú don athrú aeráide, mar gheall ar theorainneacha agus dúshláin éagsúla (***Bosca 5***). Chomh maith leis sin, rinne na Ballstáit thart ar €12 bhilliún de chistí ón Aontas a leithdháileadh ar an oiriúnú faoin tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta.

## Fíor 11 – Éabhlóid phríomhchistiú an Aontais um an oiriúnú don athrú aeráide (milliún euro)




*Foinse:* Cistí réigiúnacha agus comhtháthaithe – Tairseach sonraí comhtháthaithe; taighde: bunaithe ar fhaisnéis a fuair an Coimisiún. Maidir le clár LIFE 2021-2027, mheas CIE go bhfuil 43 % den bhuiséad á chaitheamh ar oiriúnú don athrú aeráide (cosúil leis an gclár roimhe sin).

## Bosca 5

### Oiriúnú don athrú aeráide sa Chomhbheartas Talmhaíochta – torthaí measctha

***Íocaíochtaí díreacha***

Fuarthas san obair a rinneamar roimhe seo go raibh tionchar measctha ag íocaíochtaí díreacha ar oiriúnú don athrú aeráide:

| | |
|---|---|
| ↑ | le hioncam ó íocaíochtaí díreacha, méadaíodh cumas na bhfeirmeacha déileáil le suaití diúltacha de dheasca an athraithe aeráide; |
| ↓ | d'fhéadfadh an spleáchas ar íocaíochtaí díreacha feirmeacha neamh-inmharthana a choinneáil ar bun, rud a chuirfeadh moill ar athruithe struchtúracha a d'fhéadfadh a bheith riachtanach don oiriúnú. |

***Forbairt tuaithe***

Tagann an €10 mbilliún a leithdháileadh ar mhaoiniú forbartha tuaithe le haghaidh oiriúnú don athrú aeráide (2014-2020) ó thrí phríomhréimse:

| | |
|---|---|
| ↑ | éifeachtúlacht úsáid uisce sa talmhaíocht a mhéadú; |
| → | tacú le riosca feirme a chosc agus a bhainistiú (trí árachas buainte). Measaimid gur uirlis é an bainistiú riosca chun rioscaí aeráide a aistriú seachas aghaidh a thabhairt orthu; |
| ↓ | forbairt áitiúil a chothú i gceantair thuaithe, nach bhfuil nasctha leis an oiriúnú don athrú aeráide, bunaithe ar an obair iniúchóireachta a rinneamar roimhe seo ar na tionscadail sin. |

***Faireachán a dhéanamh ar oiriúnú***

| | |
|---|---|
| ↑ | Táscaire tionchair/comhthéacs amháin maidir le hathléimneacht – 'Athléimneacht na talmhaíochta in aghaidh an athraithe aeráide a fheabhsú' [I.09/C.45] |
| → | Táscaire toraidh cineálach amháin[25] le haghaidh oiriúnú – 'An sciar den limistéar talmhaíochta a úsáidtear faoi ghealltanais dá dtugtar tacaíocht le haghaidh oiriúnú níos fearr don athrú aeráide'. Níl sé inchomparáide ar fud na mBallstát, ós rud é gur féidir leis an limistéar atá i gceist talamh arúil a chumhdach trí úsáid a bhaint as aoileach beostoic, féarthailte buana, nó limistéir ina ndéantar fíonghoirt a chothabháil, cineálacha barr athléimneacha/oiriúnaithe, nó úsáid éifeachtúil uisce;<br><br>Buiséad measta do na bearta a rannchuidíonn le R12: €28.7 billiún (2021-2027) |
| ↓ | Le gníomhaíochtaí ar son na haeráide, ní dhéantar idirdhealú idir maolú ar an athrú aeráide agus oiriúnú don athrú sin. |

*Foinse:* CIE, Athbhreithniú 01/2020: 'Rianú ar chaiteachas aeráide i mbuiséad an Aontais'; Tuarascáil speisialta 09/2022: 'An caiteachas aeráide i mbuiséad AE 2014-2020 – Níl sé chomh hard agus a thuairiscítear'; Tuarascáil speisialta 10/2022: 'Éascaíonn LEADER agus forbairt áitiúil faoi stiúir an phobail rannpháirtíocht áitiúil, ach níl léiriú leordhóthanach ann go fóill maidir le buntáistí breise'; Rialachán 2115/2021.

[25] Staidéar ó Pharlaimint na hEorpa ar an tionchar a bhíonn ag teagmhais mhillteanacha aeráide ar tháirgeadh talmhaíochta, lch. 61.

**Misean an Aontais um an oiriúnú don athrú aeráide, tionscnamh uaillmhianach**

**49** Faoi Fhís Eorpach, clár taighde an Aontais do 2021-2027, sheol an Coimisiún Misean sonrach maidir le hoiriúnú don athrú aeráide (Misean an Aontais)[26]. Is é is aidhm don mhisean sin ná dlús a chur leis an oiriúnú trí réitigh nithiúla a chur ar fáil, trí eolas a chomhroinnt agus trí réigiúin a chumasú le go mbeidh siad athléimneach ó thaobh na haeráide de faoi 2030. Leagtar amach i ***dTábla 4*** na cuspóirí agus an dul chun cinn atá déanta go dtí seo.

## Tábla 4 – Misean an Aontais maidir le hoiriúnú – Cuspóirí agus dul chun cinn go dtí seo (Aibreán 2024)

| Cuspóirí | Dul chun cinn |
|---|---|
| 150 pobal agus réigiún atá athléimneach ó thaobh na haeráide de faoi 2030 | Shínigh 311 údarás réigiúnacha agus áitiúla an chairt mhisin |
| 75 shuíomh léirchruthúcháin um an oiriúnú don athrú aeráide | Cuireann ardán Mhisean an Aontais cúnamh teicniúil ar fáil do na réigiúin agus roinneann sé dea-chleachtais |
| Leithdháileadh an bhuiséid do 2021-2027: €874 mhilliún | 39 dtionscadal taighde idir 2021 agus 2023 (costas iomlán €368 milliún), measúnuithe riosca agus leochaileachta aeráide a dhéanamh, agus réitigh nuálacha a léiriú (e.g. foirgnimh atá díonach ar thuilte, barra atá níos frithsheasmhaí ar thriomach) nó uirlisí chun saoránaigh a spreagadh |

*Foinse:* CIE, bunaithe ar fhaisnéis an Choimisiúin.

**50** Dúshlán suntasach amháin a bhaineann le 150 réigiún agus pobal a chumasú le bheith aeráid-díonach faoi 2030, is ea cistiú a ghiaráil, ionas gur féidir le Misean an Aontais a chuspóirí a bhaint amach. Bheadh €10 mbilliún breise ag teastáil chuige sin[27]. Níl sé soiléir faoi láthair cén chaoi a gcruinneofar an maoiniú sin.

[26] Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le Misin an Aontais 2 bhliain níos déanaí: measúnú ar an dul chun cinn agus ar an mbealach chun cinn, COM(2023) 457 final.

[27] Plean Cur Chun Feidhme an Mhisin um Oiriúnú don Athrú Aeráide, 2021.

**51** Ina theannta sin, 'is cúram mór i gcónaí é an t-oiriúnú don athrú aeráide a phríomhshruthú i líon mór clár, línte cistiúcháin agus gníomhaíochtaí eile chun go mbainfidh an Misean a sprioc amach'[28]. Fuarthas i gceann dár dtuarascálacha[29] roimhe seo nár baineadh leas iomlán as sineirgí idir an clár taighde agus cistí eile an Aontais agus nár úsáideadh na cistí sin ar bhealach comhlántach. Cuireann sé sin teorainn leis an tionchar atá ag cistiú na dtionscadal taighde agus nuálaíochta. Tá sé mar aidhm ag an Misean, áfach, aghaidh a thabhairt ar an tsaincheist sin ach tá sé fós róluath chun an tionchar iarbhír a fheiceáil.

**52** Léirigh ár suirbhé (nach raibh dírithe go sonrach chuig sínitheoirí an Mhisin maidir le hoiriúnú) nach raibh 75 % de na bardais inár sampla ar an eolas faoi thairseach Mhisean an Aontais um an oiriúnú don athrú aeráide, go raibh 17 % ar an eolas faoi ach nár úsáid siad í, agus nach raibh ach 8 % á húsáid. I bhfianaise na héiginnteachta maidir leis an gcistiú atá ar fáil, is mian linn a chur in iúl go bhféadfadh sé nach mbeadh sé indéanta 150 réigiún agus pobal a chumasú le bheith athléimneach ó thaobh na haeráide de faoi 2030. Bheadh tábhacht freisin le níos mó feasachta ar an leibhéal áitiúil chun lán-acmhainneacht an Mhisin a bhaint amach.

---


[28] Doiciméad Inmheánach Oibre de chuid an Choimisiúin, SWD (2023) 260 final. Misin an Aontais 2 bhliain níos déanaí.

[29] Tuarascáil speisialta 23/2022: 'Sineirgí idir Fís 2020 agus Cistí Struchtúracha agus Infheistíochta na hEorpa – Níl an fhéidearthacht iomlán in úsáid go fóill'.

## Tionscadail 'um an oiriúnú don athrú aeráide' arna maoiniú ag an Aontas – tosaíocht do réitigh ghearrthéarmacha seachas réitigh fhadtéarmacha

**53** Rinneamar anailís ar 36 thionscadal a fuair maoiniú ón Aontas agus a bhí marcáilte mar thionscadail um oiriúnú don athrú aeráide sna ceithre Bhallstát a ndearnadh iniúchadh orthu. Rinneamar measúnú féachaint an raibh na tionscadail sin comhsheasmhach leis na straitéisí náisiúnta/earnála agus réigiúnacha, agus ar thug siad aghaidh go héifeachtach ar oiriúnú don athrú aeráide seachas réiteach gearrthéarmach a sholáthar, rud a bhféadfadh drochoiriúnú a bheith mar thoradh air. Rinneadh an anailís sin i ndáil leis na cúig earnáil agus réimse a luaitear i mír ***22***. Ar an iomlán, fuaireamar gur mhéadaigh 19 dtionscadal an acmhainneacht oiriúnaitheachta sna hearnálacha lena mbaineann, nár mhéadaigh 13 thionscadal an acmhainneacht oiriúnaitheachta nó nach raibh siad comhsheasmhach le straitéis oiriúnúcháin an Aontais agus gur mhéadaigh dhá thionscadal an leochaileacht, i.e. gur tharla drochoiriúnú mar gheall orthu. Ní fhéadfadh muid teacht ar chonclúid i dtaobh dhá thionscadal mar nach bhfuil siad sách fada ar bun (***Fíor 12***).

### Fíor 12 – Forléargas ar na 36 thionscadal oiriúnúcháin de chuid an Aontais a roghnaíodh




*Foinse:* CIE.

## Tuilte agus coinneáil uisce – réitigh dhúlrabhunaithe a chur chun cinn

**54** Tá tuilte ar cheann de na príomhrioscaí atá os comhair an Aontais. Aithníodh i dTuarascáil 2018 uainn ar an Treoir maidir le Tuilte go raibh éifeacht dhearfach aici ar an iomlán. Cuireadh i dtábhacht sa tuarascáil go raibh dúshláin mhóra don oiriúnú don athrú aeráide ann a mhéid a bhain leis an athrú aeráide a ionchorprú ar bhealach níos iomláine i bpleanáil úsáide talún chun riosca tuilte a mhaolú, agus a mhéid a bhain le réitigh dhúlrabhunaithe a úsáid.

**55** Léirigh ár n-anailís ar na naoi dtionscadal sa sampla an méid seo a leanas:

- cuireadh réitigh dhúlrabhunaithe chun cinn i gceithre thionscadal, amhail athnádúrú abhann nó athchóiriú tailte portaigh (***Bosca 6***);
- bhí na tionscadail uile comhsheasmhach le straitéisí an Aontais agus le straitéisí náisiúnta, ach níor mhéadaigh dhá thionscadal an acmhainneacht oiriúnaitheachta:
  - bhí tionscadal amháin éifeachtach maidir le forbairt tithíochta nua a chosaint ar thuilte, ach údaraíodh an fhorbairt le haghaidh tógála i gcrios ina raibh ardriosca de thuilte (***Bosca 3***);
  - d'fhorbair tionscadal eile innéacs glas in 2018 chun acmhainneacht coinneála uisce na gcathracha a mhéadú, ach níor úsáideadh an t-innéacs sin riamh;
- ní raibh ach dhá thionscadal ann a bhain úsáid as sonraí stairiúla chun an bonneagar tuilte a thógáil, gan dálaí aimsire amach anseo a chur san áireamh, rud a chruthaigh baol nach leor an chosaint ar thuilte don cheantar sa mheántéarma agus san fhadtéarma.

## Bosca 6

### Tailte portaigh a athchóiriú: bua ag gach taobh don oiriúnú don athrú aeráide agus don mhaolú ar an athrú aeráide

San Eastóin, rinneadh limistéar 2 000 heicteár de thalamh portaigh a dhraenáil, a thochailt agus a ídiú, agus tréigeadh ansin é. Thugamar ar aire san obair a rinneamar roimhe seo go dtacaíonn CBT le feirmeoirí a shaothraíonn tailte portaigh draenáilte den sórt sin[30]. Fuair tionscadal amháin chun an limistéar sin a athchóiriú €3.9 milliún i dtacaíocht neamh-CBT ón Aontas, a thug costas iomlán an tionscadail go dtí €4.6 milliún.

Is foinse astaíochtaí gás ceaptha teasa é talamh portaigh draenáilte, ach nuair a athchóirítear é, déantar linn charbóin de thalamh portaigh. Ionsúnn sé uisce freisin le linn tréimhsí troma báistí agus coinníonn sé uisce le linn triomaigh.

Rannchuidíonn an tionscadal athchóirithe go héifeachtach leis an oiriúnú don athrú aeráide. Chomh maith le huisce a choinneáil, cabhraíonn sé le bithéagsúlacht agus sláinte ithreach a fheabhsú.



*Foinse:* CIE.

[30] Tuarascáil speisialta 16/2021: 'An Comhbheartas Talmhaíochta agus an aeráid – Leath de chaiteachas an Aontais ar an aeráid ach níl laghdú ag teacht ar astaíochtaí feirme'.

**Ganntanas uisce – uisciú ar bharra a dteastaíonn go leor uisce uatha ag teacht salach ar oiriúnú don athrú aeráide**

**56** Go stairiúil, bhíodh dlúthnasc idir forbairt na talmhaíochta agus uisciú. Leis na dálaí aeráide nua – teocht níos airde agus tréimhsí fada triomaigh – ní féidir a shéanadh go dteastaíonn níos mó uisce le haghaidh barr, i bhfianaise an tséasúir fáis fhadaithe agus níos mó imghalaithe (i.e. suim thrasghalú na bplandaí agus galú na hithreach). Chun dul in oiriúint do na dálaí nua aeráide, tá roinnt féidearthachtaí ann: uisciú a fhorbairt chun riachtanais bhreise uisce a chúiteamh; ithir a fheabhsú chun taise a choinneáil; agus aistriú chuig barra atá níos oiriúnaí do na dálaí nua aeráide (barra nach dteastaíonn an oiread céanna uisce uathu nó barra geimhridh).

**57** Is foinsí malartacha uisciúcháin iad dobharlaigh atá ann cheana (aibhneacha agus screamhuisce), uisce báistí nó athúsáid uisce athchúrsáilte. Is trí CETFT a thacaíonn an tAontas go príomha le huisciú, ar féidir leis infheistíochtaí a mhaoiniú i gcórais uiscithe (trealamh, líonraí agus taiscumair). Ina theannta sin, is féidir leis na Ballstáit tacaíocht a fháil d'earnálacha áirithe faoin gCiste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta (torthaí agus glasraí, ológa agus ola olóige, fíon) chun nuachóiriú nó suiteáil trealaimh agus líonraí uiscithe a mhaoiniú.

**58** Ó 2014 i leith, níl cistí an Aontais in ann maoiniú a thabhairt ach amháin le haghaidh feabhsúcháin ar shuiteálacha uiscithe atá ann cheana féin, nuair atáthar in ann coigilteas féideartha ar uisce a léiriú roimh ré[31]. Ach ní gá go mbeadh tomhaltas uisce níos ísle ar an iomlán mar thoradh ar éifeachtúlacht, toisc go mbeadh acmhainní uisce breise ag teastáil le haghaidh limistéir uiscithe nua agus i gcás tréimhsí fada triomaigh. D'fhéadfaidís sin coigilteas uisce a fhritháireamh ó chórais uisciúcháin atá ann cheana féin a nuachóiriú[32]. Mar shampla, idir 2010 agus 2020, mhéadaigh réigiún Sud sa Fhrainc a limistéar uiscithe 26 % go dtí 125 700 heicteár, agus tá 20 % dá limistéar talmhaíochta a úsáidtear uiscithe faoi láthair.

---

[31] Airteagal 46 de Rialachán (AE) 1305/2013 agus Airteagal 74 de Rialachán 2115/2021.

[32] Tuarascáil speisialta 20/2021: 'Úsáid inbhuanaithe uisce sa talmhaíocht – Is mó an seans go gcuirfidh cistí CBT úsáid níos mó uisce chun cinn seachas úsáid níos éifeachtúla uisce', míreanna 77-78.

**59** Do thréimhse 2023-2027, tá sé beartaithe ag 19 mBallstát tacú le huisciú faoi CETFT, trí 52 idirghabháil éagsúla. Tacóidh 21 díobh sin le córais uiscithe agus taiscumair a leathnú. Níor shainaithníomar ach trí Bhallstát (An Bheilg (Réigiún Fhlóndras), an Bhulgáir agus an Ghréig) a bhfuil sé beartaithe acu tacú go sonrach le húsáid barr nó cineálacha atá níos athléimní ó thaobh na haeráide de agus/nó nach dteastaíonn an oiread céanna uisce uathu. Mar shampla, tá sé beartaithe ag an nGréig tacú le húsáid barr atá frithsheasmhach in aghaidh triomaigh agus aistriú ó bharra samhraidh a dteastaíonn go leor uisce uathu go barra geimhridh[33].

**60** Scrúdaíomar cúig thionscadal uisciúcháin, agus fuaireamar an méid seo a leanas:

- mhéadaigh trí thionscadal an limistéar uiscithe, rud a d'fhéadfadh an tomhaltas uisce foriomlán a mhéadú. Níl sé sin comhsheasmhach leis an aidhm tomhaltas uisce a laghdú, agus dá bhrí sin ní raibh na tionscadail sin comhsheasmhach le straitéisí an Aontais ná le straitéisí náisiúnta, go háirithe i gcás limistéir atá faoi bhrú uisce;
- níor cuireadh san áireamh go leordhóthanach in dhá thionscadal na samhailchásanna athraithe aeráide meántéarmacha agus fadtéarmacha maidir le ganntanas báistí agus uisce. D'fhéadfadh úsáid mhíchuí uisce a bheith mar thoradh ar eastóscadh uisce a údarú bunaithe ar shonraí aeráide roimhe seo. Mar shampla, mhaoinigh tionscadal CETFT amháin anailís leantach i ndáil le 16 thaiscumar in Nouvelle-Aquitaine. Bhí tógáil na dtaiscumar bunaithe ar staidéar nár bhreithnigh ach na dálaí meitéareolaíochta ó 2000 go 2011. Níor cuireadh an t-athrú aeráide sa réigiún san áireamh, go háirithe an laghdú ar infhaighteacht uisce. I nDeireadh Fómhair 2023, tarraingíodh siar an t-údarú chun na taiscumair sin a thógáil, ós rud é go raibh siad rómhór agus gur chuir siad brú méadaithe ar dhobharlaigh sa limistéar, i bhfianaise na ndálaí aeráide atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo[34];
- ní raibh aon cheann de na tionscadail coinníollach ar chleachtais talmhaíochta a choinníonn taise ithreach chun tomhaltas uisce a laghdú, ná ar úsáid barr nach dteastaíonn an oiread céanna uisce uathu.

---

[33] Éiciscéim sa Ghréig, P1-31.1.

[34] Breithiúnais 2101394 agus 2102413.

**61** Is féidir le hinfheistíochtaí uiscithe cabhrú le feirmeacha a dhéanamh níos iomaíche[35], trí tháirgeadh méadaithe nó ráthaithe, nó trí bharra a bhfuil breisluach níos airde acu (ach barra a dteastaíonn níos mó uisce uathu). Léirítear i ***mBosca 7*** coinbhleacht a d'fhéadfadh a bheith ann idir iomaíochas a mhéadú (barr brabúsach a fhás) agus oiriúnú don athrú aeráide (spleáchas ar uisce – atá ag éirí gann – a laghdú).


### Bosca 7

## Barra a dteastaíonn go leor uisce uathu i gcomparáid leis an oiriúnú don athrú aeráide

Teastaíonn go leor uisce ó chíobhaíonna, a éilíonn suas le 2 000 m³ d'uisce in aghaidh an heicteáir. Fuair tionscadal uiscithe nua in Nouvelle-Aquitaine na Fraince €110 064 i gcistiú CETFT chun taiscumar a thógáil a bhí deartha chun cúig heicteár d'fhéithleoga cíobhaí a uisciú.

Líontar an taiscumar sa gheimhreadh, áfach, trí uisce a phumpáil ó abhainn atá faoi bhrú mór uiscithe cheana féin.

Cé go dtuigimid gné iomaíochais an tionscadail seo, measaimid gur drochoiriúnú atá ann. Déanann an tionscadal modhanna táirgthe nach n-oireann do na dálaí aeráide nua a chur chun cinn, seachas aistriú chuig barra nach dteastaíonn an oiread céanna uisce uathu.



*Foinse:* CIE, bunaithe ar fhaisnéis a fuair údaráis na Fraince.

**62** Maidir le táirgí a aithnítear mar tháirgí a bhfuil cáilíochtaí sonracha acu atá nasctha le saineolas traidisiúnta nó le limistéar geografach an táirgthe, tá idir dheiseanna agus dúshláin ag baint leo a mhéid a bhaineann le hoiriúnú don athrú aeráide. Is féidir na táirgí sin a lipéadú mar tháirgí a bhfuil 'sonrúchán tionscnaimh faoi chosaint' nó 'tásc geografach faoi chosaint' acu. Is féidir leo acmhainneacht oiriúnaitheachta a réigiún a fheabhsú trí chineálacha agus pórtha áitiúla agus níos frithsheasmhaí a chur chun cinn, nó trí shláinte ithreach a fheabhsú. Sampla eile is ea an 'cíobhaí Adour', a bhfuil uisciú éigeantach ina leith. Ní chuirtear san áireamh sna riachtanais uiscithe sin go bhféadfadh athrú teacht ar shaintréithe suímh gheografaigh, amhail teocht, frasaíocht nó cineál ithreach, mar gheall ar an athrú aeráide. D'fhéadfadh na riachtanais sin moill a chur ar an oiriúnú don athrú aeráide sna limistéir chomhfhreagracha.

[35] Airteagal 6(b) de Rialachán 2115/2021.

**63** Tugtar ar aire i staidéar a bhí maoinithe ag an gCoimisiún[36] 'go bhfuil béim fhoriomlán ar infheistíochtaí táirgiúla i stóráil uisce (taiscumair) agus i suiteálacha uiscithe agus i mbonneagar uiscithe mar fhreagairt ar ghanntanas agus ar thriomach. D'fhéadfaí réitigh eile a chur chun cinn tuilleadh, lena n-áirítear tacú le patrúin ithreach agus curaíochta atá níos athléimní i leith ganntanas uisce agus triomaigh, agus aistriú chuig na patrúin sin'. I bhfianaise na dtréimhsí triomaigh níos faide agus níos minice atá ag bagairt ar an Aontas, agus i bhfianaise an bhrú ar dhobharlaigh, feicimid nach dtugann uisciú freagairt inbhuanaithe ar riachtanais oiriúnúcháin talmhaíochta. Ní chuirtear chun cinn go leordhóthanach réitigh fhadtéarmacha amhail an barr/cineál a athrú agus cleachtais feirmeoireachta a chur in oiriúint do dhálaí nua aeráide.

**64** Is foinsí uiscithe níos inbhuanaithe ná ró-eastóscadh screamhuisce atá i gceist le huisce báistí a bhailiú agus a stóráil agus fuíolluisce athchúrsáilte a athúsáid. Shainaithníomar dea-chleachtas sa Pholainn, agus is é sin nach maoinítear tionscadail ina n-úsáidtear screamhuisce le haghaidh uisciú faoi CBT agus nach féidir a mhaoiniú ach taiscumair dhúnta a úsáidtear le haghaidh coinneáil uisce báistí.

[36] An Coimisiún Eorpach, Mapáil agus Anailís ar phleananna straitéiseacha CBT, 2023.

## Bainistíocht foraoisí – tarlóidh éagsúlú foraoisí mar gheall ar an oiriúnú don athrú aeráide

**65** Tá éifeachtaí éagsúla ag an athrú aeráide ar fhoraoisí san Aontas, rud a bhfuil tionchar aige ar éiceachórais agus ar an mbithéagsúlacht. Bíonn tionchar ag teochtaí níos airde ar dháileadh speiceas crann – d'fhéadfadh roinnt speiceas imeacht ar throigh gan tuairisc, agus d'fhéadfadh cinn eile éirí níos ceannasaí. Bíonn tionchar ag athruithe ar phatrúin frasaíochta ar thaise na hithreach, rud a d'fhéadfadh a bheith ina chúis le triomaigh agus riosca méadaithe d'fhalscaithe. Laghdaíonn báisteach throm cobhsaíocht na bhforaoisí agus d'fhéadfadh sciorrthaí talún a bheith mar thoradh air i réigiúin shléibhtiúla. Déanann na struis seo go léir crainn a lagú agus ní bhíonn siad chomh frithsheasmhach in aghaidh lotnaidí agus galair[37].

**66** Tacaíonn an tAontas leis an bhforaoiseacht trína bheartais forbartha tuaithe agus chomhtháthaithe. I measc ár sampla de 12 thionscadal, bhí seacht gcinn a bhain le hathfhoraoisiú nó bainistíocht foraoisí agus cúig cinn a bhain le hullmhacht d'fhalscaithe. Thángamar ar an gconclúid gur fhág na tionscadail ullmhachta dóiteáin go léir go raibh na foraoisí níos inrochtana do chomhraiceoirí dóiteáin nó gur fhorbair siad córas luathbhraite dóiteáin. Fuaireamar i gcás trí cinn de na seacht dtionscadal athfhoraoisithe, san Eastóin agus in Nouvelle Aquitaine, nach é amháin go ndearna siad na foraoisí a athphlandú le haon speiceas amháin, ach gurb amhlaidh gur úsáid siad an speiceas céanna a bhí ann sular scriosadh an fhoraois. Mar shampla:

- rinneadh foraois sprúis a scriosadh le stoirmeacha san Eastóin a athphlandú le sprús mar a bhí ann roimhe sin; tá cáil ar sprúis mar gheall ar a frithsheasmhacht íseal in aghaidh gaotha láidre[38];
- in Nouvelle-Aquitaine, is péine mhuirí a bhí in os cionn 97 % de na crainn a úsáideadh lena n-athphlandú, ar crann é sin atá an-fhrithsheasmhach in aghaidh ganntanas uisce agus barraíocht uisce, ach atá íogair d'fhalscaithe agus don ghaoth (meastar go dtiocfaidh méadú orthu araon mar gheall ar an athrú aeráide).

---

[37] 'Tionchair an athraithe aeráide ar phataiginí plandaí, ar shlándáil bia agus ar an mbealach chun cinn'.

[38] JRC – Picea abies san Eoraip: dáileadh, gnáthóg, úsáid agus bagairtí.

Níor mhéadaigh na tionscadail sin acmhainneacht oiriúnaitheachta na bhforaoisí, a bhfuil na rioscaí céanna rompu agus a bhí rompu roimhe seo. Dá bhrí sin, ní raibh siad comhsheasmhach le straitéisí an Aontais ná le straitéisí náisiúnta, lena leagtar béim ar an ngá atá le foraoisí a éagsúlú.

**67** San Ostair, tugann an fhoraois alpach cosaint ar ghuaiseacha nádúrtha amhail maidhmeanna sneachta, sciorrthaí talún, titim carraige agus tulcaí. Déanann an Ostair infheistíocht i luathbhrath lotnaidí foraoise agus déanann sí iarracht a foraois a éagsúlú trí speicis intíre agus eachtracha níos athléimní a thabhairt isteach. Áirítear leis sin speicis oiriúnacha a chur in áiteanna níos airde ó leibhéal na farraige nó i limistéir dhomhanleithid níos faide ó thuaidh bunaithe ar na dálaí aeráide is fearr. Tugtar tuairisc i ***mBosca 8*** ar thionscadal dea-chleachtais athfhoraoisithe.

## Bosca 8

## Athfhoraoisiú le speicis mheasctha

D'fhulaing foraois sprúis mhonashaothraithe san Ostair inmhíolú ón gciaróg coirte in 2018. Chuir CETFT €27 041 ar fáil chun speicis amhail feá, learóg, agus giúis Dhúghlais a athphlandú san fhoraois.

Bhí sé mar aidhm leis an tionscadal oiriúnú don athrú aeráide a mhéadú, ós rud é go bhfuil foraoisí speiceas measctha níos frithsheasmhaí ó thaobh lotnaidí de agus níos athléimní ó thaobh na haeráide de ná foraoisí nach bhfuil ach speiceas amháin iontu.





*Foinse:* CIE – athfhoraoisiú measctha le crainn bhuaircíneacha (ar chlé) agus le crainn leathanduilleacha (ar dheis).

**68** Fuarthas i dtuarascáil roimhe seo uainn[39], ar an iomlán, nár chuir bearta forbartha tuaithe 2014-2022 éagsúlacht na speiceas le haghaidh athfhoraoisiú chun cinn go leordhóthanach. I gcás foraoisiú, forchuirtear leis na híoscheanglais chomhshaoil úsáid speiceas crann atá athléimneach in aghaidh an athraithe aeráide nó plandú speiceas measctha[40]. Go praiticiúil, áfach, tuigeadh na rialacha sin ar shlí gur measadh go gceadaítear braislí crann den speiceas céanna a chur, rud nach dtugann ach feabhsuithe teoranta ar an mbithéagsúlacht agus ar an oiriúnú don athrú aeráide[41]. Ní bhfuaireamar aon tagairt do cheanglas i gcás éagsúlú foraoisí in CBT 2023-2027. Ciallaíonn sé sin gur féidir foraoisí d'aon speiceas amháin a chistiú le CBT ach nach dtabharfaidh sé sin aghaidh ar an oiriúnú don athrú aeráide.

**69** Sa Pholainn, i bhfianaise an bhrú shuntasaigh ar acmhainní uisce, tá sé ríthábhachtach limistéir nádúrtha coinneála uisce a chosaint, uisce báistí a bhailiú agus taiscumair a thógáil chun oiriúnú do dhálaí aeráide atá ag athrú. Agus aitheantas á thabhairt aici d'acmhainneacht mhór na bhforaoisí maidir le coinneáil uisce[42], d'úsáid an Pholainn cistiú ón Aontas chun na críche sin (***Bosca 9***). Measaimid go gcuidíonn an tionscadal sin le foraoisí dul in oiriúint do na dálaí aeráide nua.

---

[39] Tuarascáil speisialta 21/2021: 'Cistiú ón Aontas le haghaidh na bithéagsúlachta agus an athraithe aeráide i bhforaoisí an Aontais – Torthaí dearfacha ach teoranta'.

[40] Airteagal 6 de Rialachán tarmligthe Uimh. 807/2014 ón gCoimisiún.

[41] Tuarascáil speisialta 21/2021, míreanna 56-57.

[42] Tuarascáil theicniúil EEA Uimh. 13/2015: 'Acmhainneacht choinneála uisce fhoraoisí na hEorpa – Forléargas Eorpach chun tacú le bearta nádúrtha coinneála uisce'.

## Bosca 9

### Linnte coinneála i bhforaoisí

Fuair tionscadal comhtháthaithe sa Pholainn maoiniú €37 milliún ón Aontas chun linnte coinneála a thógáil i bhforaoisí sléibhe.

Bhí sé mar aidhm ag an tionscadal an baol triomaigh a laghdú trí chaillteanas uisce a chosc agus cur i gcoinne creimeadh. Neartaigh sé éiceachórais na bhforaoisí freisin.



*Foinse:* CIE – Linn choinneála i bhforaois sléibhe, an Pholainn.

### Creimeadh cósta i gceantair thuaithe – réitigh fhadtéarmacha ag teastáil



**70** Inár sampla de shé thionscadal a bhain le cosaint chósta, bhain cúig cinn úsáid as réitigh dhúlrabhunaithe (dumhcha gainimh a athchóiriú agus a chosaint, ***Bosca 10***), agus bhain ceann amháin le daingniú cladáin. Fuaireamar go raibh na tionscadail sin go léir comhsheasmhach le straitéisí an Aontais agus le straitéisí náisiúnta. A mhéid a bhaineann lena n-acmhainneacht oiriúnaitheachta, measaimid go raibh tionchar dearfach ag na cúig thionscadal a d’úsáid réitigh dhúlrabhunaithe, agus nár tugadh breisluach leordhóthanach don oiriúnú don athrú aeráide nuair a rinneadh an cladán a athchóiriú go mbeadh na toisí céanna aige agus a bhí aige ar dtús.

## Bosca 10

### Réitigh dhúlrabhunaithe chun aghaidh a thabhairt ar chreimeadh cósta

Thacaigh dhá thionscadal faoi CFRE sa Fhrainc agus sa Pholainn le hathchóiriú dumhcha (an Fhrainc – €3.6 milliún, ar tacaíocht ón Aontas a bhí in €1.8 milliún de sin; an Pholainn – €17.3 milliún, ar tacaíocht ón Aontas a bhí in €14.7 milliún de sin).

Measaimid gur dea-chleachtas iad na tionscadail sin, toisc go gcuireann siad réitigh dhúlrabhunaithe chun cinn. Cuireann dumhcha coinneáil gainimh nádúrtha ar fáil agus tugann siad cosaint éifeachtach ar chreimeadh cósta.



Trá Pampelonne – An Fhrainc



Leithinis Hel – An Pholainn

*Foinse:* CIE.

**71** Réiteach amháin chun an baol creimthe cósta a bhainistiú is ea líonadh tránna (gaineamh a chur leis). Méadaíonn an teicníc seo méid na trá agus cabhraíonn sé le turasóireacht cois farraige a choinneáil. Mar sin féin, tá líonadh trá costasach, athchleachtach agus is gníomhaíocht dlúthshaothair é. Fuaireamar tionscadal amháin sa Fhrainc a raibh sé mar aidhm aige dumhcha gainimh a athchóiriú agus foirgnimh atá faoi bhagairt ag leibhéil na farraige atá ag ardú a athlonnú. Bhí athlíonadh trá ag seasamh do 75 % den chaiteachas, nó €1.8 milliún thar cheithre bliana, ach níor chuir sé ach réiteach gearrthéarmach ar fáil. Gan plean fadtéarmach chun aghaidh a thabhairt ar an ardú i leibhéil na farraige, agus ar athnádúrú cinntitheach dumhcha, measaimid nach réiteach inbhuanaithe agus fadtéarmach ar chreimeadh cósta é tacaíocht an Aontais do líonadh tránna.

**72** Tá foirgnimh a athlonnú ina phríomhdhúshlán a mhéid a bhaineann le bainistiú an chreimthe cósta. Sa Pholainn, ní cheadaítear aon tógáil go dleathach ar dhumhcha, a chlúdaíonn 70 % de chósta na Polainne. Neartaíonn Dlí Aeráide na Fraince na forálacha dlíthiúla chun athlonnú sócmhainní atá i mbaol a éascú. Mar sin féin, tá praghsanna maoine fós níos airde i gceantair atá gar don fharraige. Sa Fhrainc, tá ar a laghad 50 000 foirgneamh faoi bhagairt ag creimeadh cósta[43]. Ardaíonn sé sin an cheist maidir le cé a íocfaidh as foirgnimh atá faoi úinéireacht phríobháideach agus atá faoi bhagairt ag creimeadh cósta a athlonnú.

### Limistéir shléibhtiúla – cruthaíonn laghdú ar shneachta dúshláin don turasóireacht sciála

**73** Rinneamar anailís ar cheithre thionscadal a bhain le limistéir shléibhtiúla, agus fuaireamar an méid seo a leanas:

- bhí gach ceann de na ceithre thionscadal comhsheasmhach le straitéisí an Aontais agus le straitéisí náisiúnta;
- níor mhéadaigh tionscadal amháin chun séidire maidhme sneachta a athsholáthar acmhainneacht oiriúnaitheachta.

**74** Deimhnítear i staidéir a rinneadh le déanaí go mbeadh baol an-ard ann nach mbeadh sneachta leordhóthanach i dtuairim is leath d'ionaid sciála na hEorpa mar gheall ar théamh domhanda dhá chéim os cionn na leibhéal réamhthionsclaíoch[44]. Is é an t-aon eisceacht amháin a bheadh ann ná ionaid saoire os cionn 2 000 m. Bheadh baol an-ard ann nach mbeadh sneachta leordhóthanach i mbeagnach gach ionad sciála mar thoradh ar théamh domhanda ceithre chéim os cionn na leibhéal réamhthionsclaíoch. Tá tionscal na turasóireachta ag dul i ngleic leis an staid trí bhearta teicniúla amhail sneachta saorga a dhéanamh. San Ostair, mar shampla, tá córais déanta sneachta feistithe ar thart ar 70 % de na fánaí sciála. Mar sin féin, méadaíonn na córais sin tomhaltas uisce agus fuinnimh, agus dá bharr sin an lorg carbóin.

---

[43] Faisnéis ó rialtas na Fraince, 2022.

[44] Cuireann an t-athrú aeráide leis na dúshláin a bhaineann le fáil ar uisce, sneachta agus fuinneamh do thurasóireacht sciála na hEorpa – 2023.

**75** Fuair roinnt tionscadal AE maoiniú le haghaidh canónacha sneachta atá níos tíosaí ar fhuinneamh faoi chláir oibríochtúla lena gcuirtear iomaíochas chun cinn. Tá sé tuairiscithe ag Cúirt Iniúchóirí na Fraince le déanaí go bhféadfadh drochoiriúnú leanúint as sneachta saorga a dhéanamh, mar go méadaíonn sé an brú ar úsáid uisce agus nach bhfuil ann ach réiteach gearrthéarmach chun dul i ngleic leis an athrú aeráide[45].

**76** Tá na húdaráis réigiúnacha a chuireamar faoi agallamh ag dréim leis go dtarlóidh éagsúlú nuair nach leor na dálaí sneachta agus go mbeidh costais oibriúcháin ró-ard do na hionaid sciála. Mar sin féin, tá sé mar aidhm acu dreasachtaí a chruthú chun infheistíocht a dhéanamh i mallturasóireacht áitiúil, rothaíocht, fánaíocht agus dreapadóireacht. Meastar go bhfuil na gníomhaíochtaí seo inbhuanaithe agus scaipeann siad an turasóireacht ar bhealach níos cothroime i rith na bliana, ag soláthar réiteach fadtéarmach don cheantar.

---

[45] Cúirt Iniúchóirí na Fraince – Tuarascáil: '*Les stations de montagne face au changement climatique*', 2024.

# Conclúidí agus moltaí

**77** Thángamar ar an gconclúid go raibh an creat um oiriúnú ar leibhéal an Aontais fónta, ach go raibh laigí agus bearnaí ann nuair a cuireadh i bhfeidhm é. Tá táscairí coiteanna in easnamh sa tuairisciú chun an dul chun cinn i dtreo athléimneacht aeráide faoi 2050 a thomhas, mar sin is beag luach a chuirtear leis i dtéarmaí dul chun cinn a rianú agus tacú le cinntí beartais amach anseo. Tá dúshláin ann maidir le cistiú a bhaineann le hoiriúnú don athrú aeráide a rianú, rud a fhágann go bhfuil sé deacair measúnú a dhéanamh ar a thionchar. Inár sampla de 36 thionscadal, thug 19 díobh aghaidh go héifeachtach ar rioscaí aeráide, is beag tionchar a bhí ag 13 díobh ar acmhainneacht oiriúnaitheachta, nó ní raibh aon tionchar acu uirthi, agus d'fhéadfadh drochoiriúnú a bheith mar thoradh ar phéire acu. Mar gheall ar na laigí sin, tá baol ann nach gcoinneoidh beartas agus gníomhaíocht oiriúnúcháin an Aontais bord ar bhord leis an athrú aeráide. Dhéanfadh sé sin difear go díobhálach do chumas an Aontais athléimneacht aeráide a bhaint amach faoi 2050.

**78** Fuaireamar go raibh creat foriomlán an Aontais don bheartas oiriúnúcháin fónta (míreanna ***16***-***20***), ach go raibh sonraí eolaíocha a bhí as dáta in úsáid amanna ag na Ballstáit. Rinne na Ballstáit uile inár sampla gannmheastachán ar chostas na mbeart oiriúnúcháin ina straitéisí nó ina bpleananna, nó d'fhág siad na costais sin ar lár go hiomlán (míreanna ***21***-***24***).

**79** Thairis sin, thacaigh measúnú riosca leis na creataí náisiúnta um oiriúnú agus bhí siad comhsheasmhach le straitéis oiriúnúcháin an Aontais. Fuaireamar, áfach, go raibh tosaíochtaí na bpleananna réigiúnacha/earnála ag teacht salach uaireanta ar thosaíochtaí straitéisí nó pleananna an Aontais/náisiúnta, go háirithe maidir le talmhaíocht agus foraoiseacht. Mar shampla, d'fhéadfadh an cuspóir maidir leis an limistéar uiscithe a mhéadú teacht salach ar an gcuspóir maidir le tomhaltas uisce a laghdú (míreanna ***25***-***30***).

**80** Fuaireamar amach freisin go raibh an tuairisciú ar oiriúnú tuairisciúil den chuid is mó agus nár cuireadh sonraí inchainníochtaithe ar fáil. Dá bhrí sin, níor leor an tuairisciú chun meastóireacht a dhéanamh ar an dul chun cinn maidir le hoiriúnú don athrú aeráide sna Ballstáit (míreanna ***31***-***35***).

## Moladh 1 – Feabhas a chur ar an tuairisciú ar oiriúnú don athrú aeráide

Ba cheart don Choimisiún an méid seo a leanas a dhéanamh:

(a) an ceanglas maidir le tuairisciú ar oiriúnú a neartú chun táscairí agus critéir choiteanna a chur san áireamh chun dul chun cinn a thomhas;

(b) oibriú leis na Ballstáit chun aghaidh a thabhairt ar laigí atá sainaitheanta ina dtuairisciú ar oiriúnú don athrú aeráide.

**Amchlár: Márta 2027**

**81** Ní raibh tromlach na bhfreagróirí ón 400 bardas a ndearnadh suirbhé orthu ar fud ár gceithre Bhallstát a ndearnamar iniúchóireacht orthu ar an eolas faoi straitéisí agus pleananna um an oiriúnú don athrú aeráide. Ní raibh plean oiriúnúcháin áitiúil bunaithe ach ag 16 % de na bardais a ndearnadh suirbhé orthu, agus chuir sé sin teorainn lena gcumas dul i ngleic leis an athrú aeráide (míreanna ***36***-***40***). Cuireann an tAontas uirlisí, sonraí agus eolas úsáideach ar fáil maidir le hoiriúnú don athrú aeráide. Léirigh ár suirbhé, áfach, nach raibh cur amach ag formhór mór na bpobal áitiúil ar uirlisí an Aontais agus nár úsáid siad iad (míreanna ***41***-***43***).

## Moladh 2 – Úsáid níos fearr a bhaint as uirlisí an Aontais

Agus é mar aidhm aige freastal ar bhealach níos fearr ar phobail áitiúla, ba cheart don Choimisiún an méid seo a leanas a dhéanamh:

(a) uirlisí praiticiúla agus simplí a mholadh lena ndíreofar ar phobail áitiúla (e.g. measúnú riosca áitiúil, roghanna cistiúcháin, dea-chleachtais maidir le hoiriúnú) agus iad a chur ar fáil i dteangacha oifigiúla uile an Aontais ar an ardán CLIMATE-ADAPT;

(b) oibriú leis na Ballstáit chun uirlisí agus tionscnaimh an Aontais (ardán CLIMATE-ADAPT, Cúnant na Méaraí de chuid an Aontais) maidir le hardáin náisiúnta agus réigiúnacha um oiriúnú don athrú aeráide a ionchorprú agus a chur chun cinn ar bhealach níos fearr.

**Amchlár: Nollaig 2026**

**82** Ós rud é go bhfuil an t-oiriúnú trasearnálach, tá an cistiú ábhartha ón Aontas scaipthe ar fud roinnt beartas eile de chuid an Aontais amhail talmhaíocht, comhtháthú agus taighde. Mar thoradh air sin, bíonn sé deacair go ginearálta a shainaithint cé na tionscadail atá ábhartha don oiriúnú don athrú aeráide. Sin mar gheall nach mór cuspóirí maidir le hoiriúnú don athrú aeráide a bheith ann i gcomhthráth le cuspóirí eile amhail iomaíochas nó forbairt réigiúnach, rud a bhféadfadh drochoiriúnú a bheith mar thoradh air. Faoin mbuiséad taighde, rinne an Coimisiún Misean AE, a bhí sonrach agus uaillmhianach, a thiomnú don oiriúnú don athrú aeráide. Thugamar ar aire go ndearnadh dul chun cinn maith i ndáil leis sin, ach go raibh baint amach spriocanna an Mhisin faoi bhagairt ag an easpa soiléireachta maidir leis na cistí breise is gá a fháil (míreanna ***44***-***52***).

**83** Táimid tagtha ar an gconclúid gur thug tromlach (53 %) dár 36 thionscadal roghnaithe aghaidh go héifeachtach ar rioscaí aeráide, ach gur beag tionchar a bhí ag 42 % díobh ar an acmhainneacht oiriúnaitheachta, nó nach raibh aon tionchar acu uirthi. I gcás na dtionscadal eile, bhí sé róluath teacht ar chonclúidí (féach mír ***53***). Shainaithníomar tionscadail a bhaineann le tuilte, creimeadh cósta agus uisciú a bhain úsáid ach as sonraí stairiúla, agus iad sin amháin, seachas breathnú freisin ar shamhailchásanna aeráide don todhchaí. Thugamar ar aire freisin, faoi CBT, gurbh é uisciú an réiteach ab fhearr chun cleachtais talmhaíochta a oiriúnú, rud a bhféadfadh drochoiriúnú a bheith mar thoradh air (féach míreanna ***54***-***64***). Thugamar ar aire go bhfuil dea-chleachtais bainistithe foraoisí ann ó thaobh athléimneacht in aghaidh an athraithe aeráide a mhéadú trí linnte coinneála agus éagsúlú foraoise. Mar sin féin, tacaíodh fós le plandú foraoisí d’aon speiceas (féach míreanna ***65***-***69***). Bhí tionchar dearfach ag réitigh dhúlrabhunaithe ar chreimeadh cósta. Táimid tagtha ar an gconclúid nach raibh mórán breisluacha ag baint le réitigh chostasacha ach ghearrthéarmacha, amhail líonadh tránna, mura ndéanfaí breithnithe fadtéarmacha amhail athlonnú a chur san áireamh (féach míreanna ***70***-***72***). Bhain sé sin freisin le limistéir shléibhtiúla, áit ar féidir le canónacha sneachta an brú ar úsáid uisce a mhéadú agus nach bhfuil iontu sin ach réiteach gearrthéarmach chun aghaidh a thabhairt ar an athrú aeráide (míreanna ***73***-***76***).

## Moladh 3 – Cistiú an Aontais don oiriúnú don athrú aeráide a bheidh slán i bhfad na haimsire

Ba cheart don Choimisiún an méid seo a leanas a dhéanamh:

(a) treoraíocht a chur ar fáil maidir le gníomhaíochtaí atá ábhartha don oiriúnú don athrú aeráide agus samplaí de thionscadail as a n-eascraíonn drochoiriúnú a chur ar fáil do na Ballstáit;

(b) cur chun cinn na réiteach fadtéarmach don oiriúnú don athrú aeráide a neartú sna tionscadail ábhartha go léir atá á gcistiú ón Aontas, agus measúnú a dhéanamh ar an ngá a bheadh le coinníollacha incháilitheachta a leagan síos ina ndéanfaí dálaí aeráide sa todhchaí a chur san áireamh;

(c) treoirlínte maidir le díonadh ar an athrú aeráide a mholadh le haghaidh infheistíochtaí talmhaíochta agus measúnú a dhéanamh ar an ngá a bheadh le coinníollacha incháilitheachta nua le haghaidh bearta foraoiseachta chun cistiú foraoisí d'aon speiceas amháin a sheachaint.

**Amchlár: Nollaig 2026**

Is é Seomra I, faoi cheannas Joëlle Elvinger (Comhalta den Chúirt Iniúchóirí), a ghlac an tuarascáil seo i Lucsamburg ag an gcruinniú a bhí aige an 3 Iúil 2024.

*Thar ceann na Cúirte Iniúchóirí*

Tony Murphy
*An tUachtarán*

# Iarscríbhinn

## Suirbhé ar oiriúnú don athrú aeráide

Ba é príomhchuspóir ár suirbhé ná faisnéis ionadaíoch cothrom le dáta a bhailiú maidir lena mhéid a bhí na bardais i mbaol ó theagmhais mhillteanacha a bhaineann leis an athrú aeráide, maidir leis an méid a theastaíonn uathu chun iad féin a chur in oiriúint do thionchair na dteagmhas sin, maidir leis na straitéisí atá in úsáid cheana féin acu, maidir leis agus an eolas atá acu ar straitéisí, pleananna agus uirlisí réigiúnacha, náisiúnta agus Eorpacha chun oiriúnú a éascú.

### An chaoi a ndearnamar an suirbhé


Rinneamar an suirbhé idir Meán Fómhair agus Nollaig 2023. Seoladh an ceistneoir chuig 400 bardas atá lonnaithe sna ceithre Bhallstát éagsúla a ndearnamar iniúchadh orthu: an Ostair (113), an Eastóin (56), an Fhrainc (117) agus an Pholainn (114). Bhí méid an tsampla mór go leor le bheith ionadaíoch go náisiúnta, ar an gcoinníoll go dtabharfadh 75 % ar a laghad de na bardais i ngach Ballstát freagra ar an suirbhé. Roghnaíodh na bardais go randamach.

Eagraíodh an sampla i gcúig bhraisle bardas bunaithe ar mhéid an phobail: 1) mór – níos mó ná 200 000 áitritheoir; 2) meánach – idir 40 000 agus 200 000 áitritheoir; 3) beag – idir 5 000 agus 40 000 áitritheoir; 4) an-bheag – idir 200 agus 5 000 áitritheoir; 5) beag bídeach – níos lú ná 200 áitritheoir. Rinneadh príomhchathracha na gceithre Bhallstát uile a ndearnadh iniúchadh orthu a chur san áireamh sa sampla.

### Ráta freagartha

Ar an iomlán, fuaireamar 318 bhfreagra, i.e. ráta freagartha de 79.5 % (an Ostair: 80 %; an Eastóin: 75 %; an Fhrainc: 82 %; an Pholainn: 80 %). Tá torthaí an tsuirbhé seo ionadaíoch ó thaobh staidrimh de. I ***bhFíor 13*** taispeántar na bardais a thug freagra ar an suirbhé


## Fíor 13 – Léarscáil ina léirítear na bardais a thug freagra ar an suirbhé





*Foinse:* CIE.

## Príomhcheisteanna agus príomhthorthaí an tsuirbhé


(1) An bhfuil do bhardas i mbaol ó theagmhais/rioscaí a bhaineann leis an aeráid? An raibh do bhardas i mbaol ó theagmhais mhillteanacha a bhaineann leis an aeráid le 5 bliana anuas? Má bhí, an bhfuair do bhardas tacaíocht airgeadais phoiblí?




(2) An bhfuil aon bheart déanta agat ó tharla na teagmhais mhillteanacha seo?





(3) An bhfuil do bhardas páirteach i dtionscnamh Chúnant na Méaraí de chuid an Aontais?





(4) Conas a thugann tú aghaidh ar shaincheisteanna áitiúla a bhaineann le riachtanais maidir le hoiriúnú don athrú aeráide?




(5) Cad iad na bacainní atá roimh do bhardas maidir le freastal ar riachtanais maidir le hoiriúnú don athrú aeráide?





(6) An bhfuil plean oiriúnúcháin áitiúil ag do bhardas?





(7) (a) An bhfuil do bhardas ar an eolas faoi phlean oiriúnúcháin do réigiúin, agus an bhfuil an plean sin ag fónamh do riachtanais oiriúnúcháin do bhardais?




(b) An bhfuil do bhardas ar an eolas faoi phlean oiriúnúcháin do thíre?





(c) An bhfuil do bhardas ar an eolas faoi straitéis an Aontais maidir le hoiriúnú, agus an léir duit a bhreisluach?





(8) (a) An bhfuil do bhardas ar an eolas faoin ardán Climate-ADAPT, agus an mbaineann do bhardas úsáid as?




(b) An bhfuil do bhardas ar an eolas faoi Copernicus, agus an mbaineann do bhardas úsáid as?





(c) An bhfuil do bhardas ar an eolas faoi thairseach Mhisean an Aontais Eorpaigh maidir le hoiriúnú don Athrú Aeráide, agus an mbaineann do bhardas úsáid as?





(9) ‘Tá tacaíocht airgeadais phoiblí le haghaidh bearta/tionscadail oiriúnúchán sásúil agus freastalaíonn sí ar ár riachtanais.’ An bhfuil tú ag aontú leis sin?




(10) 'Is leor an fhaisnéis atá ar fáil maidir le cistiú ón Aontas le haghaidh tionscadail um an oiriúnú don athrú aeráide.' An bhfuil tú ag aontú leis sin?




(11) (a) An bhfuil cistí ón Aontas faighte ag do bhardas le haghaidh beart/tionscadal oiriúnúcháin le 5 bliana anuas?




(b) Má tá, cén fhoinse as ar tháinig na cistí?



# Giorrúcháin

**CBT:** An comhbheartas talmhaíochta

**CETFT:** An Ciste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe

**CFRE:** Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa

**EEA:** An Ghníomhaireacht Eorpach Comhshaoil

**IPCC:** An Painéal Idir-Rialtasach ar an Athrú Aeráide

**JRC:** An tAirmheán Comhpháirteach Taighde

**LEADER:** *Liaison entre actions de développement de l'économie rurale* – Naisc idir gníomhaíochtaí um fhorbairt gheilleagar na tuaithe

**PON:** Plean Oiriúnúcháin Náisiúnta

**RRF:** An tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta

**SON:** Straitéis Oiriúnúcháin Náisiúnta

# Gluais

**Acmhainneacht oiriúnaitheachta:** Acmhainneacht nó cumas córais, réigiúin nó pobail oiriúnú d'éifeachtaí nó do thionchar an athraithe aeráide.

**An t-athrú aeráide:** Tagraíonn sé d'aon athrú ar an aeráid le himeacht ama, cibé acu mar gheall ar inathraitheacht nádúrtha nó mar thoradh ar ghníomhaíocht an duine (IPCC AR4, 2007).

**Ardán Climate-ADAPT:** Ardán chun faisnéis a bhailiú agus a chomhroinnt maidir le hoiriúnú don athrú aeráide san Eoraip.

**Athléimneacht aeráide:** An cumas ullmhú d'iarmhairtí an athraithe aeráide, téarnamh uathu agus oiriúnú dóibh.

**Copernicus:** Córas an Aontais um breathnú agus um fhaireachán an Domhain, a bhailíonn agus a dhéanann próiseáil ar shonraí ó shatailítí agus ó bhraiteoirí atá lonnaithe ar domhan chun faisnéis chomhshaoil agus slándála a chur ar fáil.

**Fís 2020:** Clár an Aontais don chistiú taighde agus nuálaíochta le haghaidh thréimhse 2014-2020.

**Fís Eorpach:** Clár an Aontais don chistiú taighde agus nuálaíochta le haghaidh thréimhse 2021-2020.

**IPCC (An Painéal Idir-Rialtasach ar an Athrú Aeráide):** Comhlacht de chuid na Náisiún Aontaithe, a ullmhaíonn Tuarascálacha Measúnaithe cuimsitheacha maidir le staid an eolais eolaíoch, theicniúil agus shocheacnamaíoch ar an athrú aeráide.

**LIFE:** Ionstraim mhaoiniúcháin lena dtacaítear le cur chun feidhme bheartas comhshaoil agus aeráide an Aontais trí thionscadail sna Ballstáit a chómhaoiniú.

**Oiriúnú don athrú aeráide:** Coigeartú i gcórais nádúrtha nó dhaonna mar fhreagairt ar spreagthaí aeráide iarbhír nó ionchais nó a n-éifeachtaí, a mhodhnaíonn díobháil nó a bhaineann leas as deiseanna tairbhiúla (IPCC Ceathrú Tuarascáil Mheasúnaithe (AR4), 2007).

**Réitigh dhúlrabhunaithe:** Réitigh arna spreagadh ag an dúlra agus a fhaigheann tacaíocht ón dúlra, atá costéifeachtach, a chuireann tairbhí comhshaoil, sóisialta agus eacnamaíocha ar fáil ag an am céanna, agus a chuidíonn le hathléimneacht a chothú (CE).

# Freagraí ón gCoimisiún

https://www.eca.europa.eu/ga/publications/sr-2024-15

# Amlíne

https://www.eca.europa.eu/ga/publications/sr-2024-15

# An fhoireann iniúchóireachta

I dtuarascálacha speisialta na Cúirte Iniúchóirí, leagtar amach torthaí a hiniúchtaí ar bheartais agus ar chláir an Aontais, nó ar thopaicí a bhaineann le bainistiú i dtaobh réimsí buiséadacha sonracha. Roghnaíonn agus dearann an Chúirt Iniúchóirí na tascanna iniúchóireachta sin a mbeidh an tionchar is mó is féidir acu trí bhreithniú a dhéanamh ar na rioscaí don fheidhmíocht nó don chomhlíontacht, ar leibhéal an ioncaim nó an chaiteachais lena mbaineann, ar fhorbairtí atá ar na bacáin agus ar an leas polaitiúil agus poiblí.

Is é Seomra Iniúchóireachta I – Úsáid Inbhuanaithe na n-acmhainní nádúrtha, atá faoi cheannas Joëlle Elvinger (Comhalta den Chúirt), a rinne an t-iniúchadh feidhmíochta seo. Rinneadh an iniúchóireacht faoi stiúir Klaus-Heiner Lehne (Comhalta den Chúirt) agus fuarthas tacaíocht ó na daoine seo a leanas: Thomas Arntz (Ceann na hOifige Príobháidí), Marc-Oliver Heidkamp (Ataisé na hOifige Príobháidí), Ramona Bortnowschi (Príomhbhainisteoir), Céline Ollier (Ceann Cúraim), Angelika Zych (Leas-Cheann Cúraim), Irina Flat, Liia Laanes agus Jarosław Śmigiel (Iniúchóirí) agus Wesley Reverdy (Oiliúnaí). Chuir Alexandra Damir-Bînzaru agus Marika Meisenzahl tacaíocht ghrafach ar fáil.



*Ó chlé go deas:* Irina Flat, Liia Laanes, Ramona Bortnowschi, Céline Ollier, Thomas Arntz, Klaus-Heiner Lehne, Marc-Oliver Heidkamp, Wesley Reverdy, Jarosław Śmigiel, Angelika Zych.

# CÓIPCHEART

© An tAontas Eorpach, 2024

Is i gCinneadh Uimh. 6-2019 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa maidir leis an mbeartas sonraí oscailte agus athúsáid doiciméad a leagtar amach an beartas athúsáide atá ag Cúirt Iniúchóirí na hEorpa.

Mura léirítear a mhalairt (e.g. i bhfógraí cóipchirt aonair), déantar ábhar na Cúirte Iniúchóirí atá faoi úinéireacht an Aontais a cheadúnú faoi cheadúnas *Creative Commons* – Sannadh 4.0 Idirnáisiúnta (CC BY 4.0). Mar riail ghinearálta, dá bhrí sin, ceadaítear athúsáid ar choinníoll go dtugtar aitheantas cuí agus go léirítear aon athruithe. Ní fhéadfaidh aon duine atá ag baint athúsáid as ábhar na Cúirte Iniúchóirí an bhunbhrí ná an teachtaireacht a shaobhadh. Ní bheidh an Chúirt Iniúchóirí faoi dhliteanas i leith aon iarmhairt a bhaineann le hathúsáid.

Caithfear cead breise a fháil má léirítear daoine príobháideacha inaitheanta in ábhar ar leith, e.g. i bpictiúir d'fhoireann na Cúirte nó má tá oibreacha tríú páirtí san áireamh.

I gcás ina bhfaightear an cead sin, cuirfidh sé an cead ginearálta thuasluaite ar ceal agus tiocfaidh sé ina ionad, agus beidh sé ráite go soiléir sa chead nua má tá aon srianta eile ann maidir le húsáid.

D'fhéadfadh sé gur gá cead a lorg go díreach ó shealbhóirí an chóipchirt chun ábhar nach leis an Aontas Eorpach é a úsáid nó a atáirgeadh.

Fíor 10 – Lógónna: © Seirbhís Copernicus um an Athrú Aeráide, © Climate-ADAPT, © Cúnant na Méaraí don Aeráid agus d'Fhuinneamh – An Eoraip.

Maidir le bogearraí nó doiciméid atá cumhdaithe ag cearta maoine tionsclaíche, amhail paitinní, trádmharcanna, dearaí cláraithe, lógónna agus ainmneacha, tá siad eisiata ó bheartas athúsáide na Cúirte Iniúchóirí.

Tá naisc chuig suíomhanna gréasáin tríú páirtí le fáil ar shuíomhanna gréasáin an Aontais Eorpaigh atá san fhearann europa.eu. Ós rud é nach bhfuil aon smacht ag an gCúirt orthu sin, moltar duit a mbeartais phríobháideachais agus cóipchirt a léamh go cúramach.

**Úsáid lógó CIE**

Ní fhéadtar lógó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa a úsáid gan toiliú a fháil ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa roimh ré.


| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| HTML | ISBN 978-92-849-2629-9 | ISSN 2529-3370 | doi:10.2865/739402 | QJ-AB-24-015-GA-Q |
| PDF | ISBN 978-92-849-2601-5 | ISSN 2529-3370 | doi:10.2865/338033 | QJ-AB-24-015-GA-N |

Tá méadú ag teacht ar theagmhais mhillteanacha aeráide agus aimsire, amhail tonnta teasa, triomach agus tuilte. Tá géarghá le hoiriúnú do na dálaí aeráide sin. Rinneamar measúnú ar chreat an Aontais um oiriúnú don athrú aeráide agus ar an gcaoi ar thug sampla de thionscadail oiriúnúcháin Eorpacha aghaidh ar na tionchair atá ag an athrú aeráide. Fuaireamar amach go raibh creat foriomlán an Aontais don bheartas oiriúnúcháin fónta, ach go raibh laigí agus bearnaí sa chur chun feidhme. Cé gur thug formhór na dtionscadal faoi iniúchóireacht aghaidh go héifeachtach ar rioscaí aeráide, is beag tionchar a bhí ag cuid acu ar acmhainneacht oiriúnaitheachta a mhéadú, nó ní raibh tionchar ar bith acu air sin, agus d'fhéadfadh drochoiriúnú a bheith mar thoradh ar chúpla ceann acu. Tá moltaí á ndéanamh againn chun feabhas a chur ar thuairisciú agus ar chomhroinnt eolais faoin oiriúnú don athrú aeráide agus chun a chinnntiú go ndéantar gach tionscadal ábhartha a fhaigheann cistiú ón Aontas a oiriúnú do na dálaí aeráide atá anois ann agus a bheidh ann sa todhchaí.

Tuarascáil speisialta ón gCúirt Iniúchóirí de bhun Airteagal 287(4), an dara fomhír, den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.

CÚIRT INIÚCHÓIRÍ NA hEORPA

Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh

CÚIRT INIÚCHÓIRÍ NA hEORPA
12, rue Alcide De Gasperi
1615 Luxembourg
LUCSAMBURG

Teil. +352 4398 – 1

Fiosrúcháin: eca.europa.eu/ga/contact
Suíomh Gréasáin: eca.europa.eu
Twitter: @EUAuditors